

# Bus Éireann

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2012

# Clár Ábhar

Athbhreithniú ar Oibríochtaí ........ 3
Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile ........ 17
Tuarascáil na Stiúrthóirí ........ 21
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí ........ 24
Tuarascáil na nIniúchóirí ........ 25
Príomhbheartais Chuntasaíochta ........ 26
Cuntas Brabúis agus Caillteanais ........ 28
Clár Comhardaithe ........ 29
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid ........ 30
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ........ 31

Is mian le Bus Éireann a mbuíochas a chur in iúl leis an Údarás Náisiúnta Iompair as an maoiniú le haghaidh tionscadail mhóra.



Léiríonn suirbhéanna neamhspleácha go leanann Bus Éireann air ag soláthar ardleibhéal sástachta i measc custaiméirí.

## Ár Misean

Rath a bhaint amach trí sheirbhís shármhaith a chur ar fáil dár gcustaiméirí trí fhoireann thiomanta.

## Ár Luachanna

Níos mó ná rud ar bith eile, is mór againn sábháilteacht ár gcustaiméirí, ár bhfostaithe agus ár gcomhúsáideoirí bóithre.

Cuirimid custaiméirí ag croílár ár ngnó agus déanaimid ár seacht ndícheall, trí fheabhsú leanúnach, seirbhís chairdiúil, éifeachtach, shábháilte a thugann luach ar airgead a chur ar fáil dóibh, agus caitheamh le gach duine le cúram agus tuiscint iomchuí.

Mar eagraíocht atá ag croílár pobal ar fud na tíre le 25 bliain anuas, táimid fíorbhródúil as iompar poiblí ríthábhachtach a chur ar fáil do dhaoine i mbailte, i sráidbhailte agus i gcathracha agus as a chinntiú go gcabhraímid leis na mílte duine gach lá dul chuig an obair, chuig an scoil, chuig na siopaí, agus cuairt a thabhairt ar dhaoine muinteartha agus ar chairde.

Tá ár bhfostaithe ríthábhachtach inár seirbhísí iompair phoiblí ardfheidhmíochta a sholáthar agus creidimid go láidir i gcur ar chumas ár bhfostaithe a lánchumas a bhaint amach.

## Ár gCuspóirí

Seirbhís shábháilte iompair phoiblí d'ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí agus don Stát.

Éisteacht lenár gcustaiméirí i gcónaí toisc gurb iadsan an difríocht sa tseirbhís a chuirimid ar fáil.

Ár n-áit mar cheannaire margaidh a choinneáil i margadh agus i dtimpeallacht atá ag athrú trí dhíriú go láidir ar fheabhsú leanúnach.

A chinntiú go leanaimid orainn, nuair is féidir, ag tacú le pobail áitiúla agus iad a nascadh.

Úsáid a bhaint as ár dtaithí agus saineolas chun seirbhís bhus agus chóiste a bhféadann Éire a bheith bródúil aisti a sholáthar.

Bhí méadú
**€3.5m**
ar ioncam paisinéirí bóthair in 2012

## Ár Seirbhísí

Cuireann Bus Éireann trí phríomhsheirbhís ar fáil:

- Breis agus 300 bealach a mhaoiníonn an Stát
- 28 bealach tráchtála idirchathrach Luasbhealaigh
- An Scéim Iompar Scoile ar son na Roinne Oideachais agus Scileanna

## Tiomantas do Shábháilteacht

Is í sábháilteacht ár gcustaiméirí agus ár bhfoirne príomhthosaíocht Bhus Éireann trí chloí docht le caighdeáin sláinte agus sábháilteachta.

Leanann an lucht bainistíochta orthu ag atreisiú cultúr sábháilteachta ar fud na heagraíochta. Mar chuid de seo, lean an chuideachta ar aghaidh ag infheistiú in oiliúint do bhaill foirne cosúil leis an Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil (CPC), bainistíocht sábháilteachta agus oiliúint theicniúil don fhoireann cothabhála in 2012.

De réir beartais, déanann an chuideachta athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar na córais bhainistíochta sábháilteachta. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar Ráiteas Sábháilteachta Bhus Éireann agus cuirtear faoi bhráid na foirne ar fad é.



*Cuireann Bus Éireann breis agus 300 bealach a mhaoiníonn an Stát ar fáil, ar nós sheirbhísí Chathair Luimnigh.*

# Buaicphointí 2012

- Méadú €3.5 milliún ar ioncam paisinéirí bóthair agus méadú €2.6 milliún ar an ioncam iomlán
- Baint amach coigilteas caiteachais €6.5m
- Ranníocaíocht €53.7m leis an Státchiste, atá níos mó ná an tsuim a fuaireamar i maoiniú Stáit
- Méadú 1% ar líon na bpaisinéirí bóthair, méadú 2% ar sheirbhísí cathrach agus méadú 4% ar líon na gcustaiméirí idirchathrach
- Tabhairt isteach 88 feithicil nua a bhfuil Wi-Fi cumasaithe iontu, agus áirítear sna cóistí gnéithe atá saoráideach do chustaiméirí ar nós soicéid chumhachta, suíochánra compoird bhreise agus toilleadh méadaithe
- Wi-Fi a chur i mbreis agus 200 feithicil agus i 7 stáisiún ar bhonn céimneach
- Athchóiriú ghréasán Luasbhealaigh agus na ngréasán cathrach i nGaillimh, i Luimneach agus i gCorcaigh chun agaí turais níos gasta agus ceangail níos fearr a chur ar fáil
- Cur i bhfeidhm Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí ag stadanna ar fud chathair Chorcaí i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair
- Feabhsú an phróisis ceannaigh ticéad ar líne agus uasghrádú an chórais pleanálaí turais le go mbeadh sé ní b'éasca do chustaiméirí a dturas a phleanáil agus ticéad a cheannach ar líne. Bhí méadú 25% ar dhíolacháin ticéad ar líne sa bhliain.
- Tabhairt isteach Aip Taistil Shoghluaiste don iPhone a ligeann do chustaiméirí a dturais a phleanáil, imeachtaí fíor-ama agus amanna rochtana a fheiceáil dá stad roghnaithe, agus amharc ar thráthchláir agus iad ar an mbóthar
- Leanadh de choigilteas costais a sholáthar agus na Seirbhísí Iompair Scoile á gcur ar fáil, agus méadaíodh líon na seirbhísí a chuirtear ar fáil ag an am céanna
- Cuireadh raon beart i bhfeidhm a bhí beartaithe chun costais bhreosla a laghdú agus dul chun sochair don chomhshaol, ar nós éicithiomána, bainistíocht teileamaitice cabhlaigh, tionscnaimh frith-réchasta, agus córais athchúrsála uisce.
- Tástáladh an chéad fheithicil iompair phoiblí atá cumhachtaithe ag Gás Nádúrtha Comhbhrúite in Éirinn riamh
- Léirigh suirbhéanna neamhspleácha go bhfuil ardleibhéal sástachta i measc custaiméirí fós ag Bus Éireann agus go molfadh 90% dár gcustaiméirí Bus Éireann do chara
- Comhlíonadh na spriocanna feidhmíochta go léir a leagtar amach sa Chonradh Iompair Phoiblí idir an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus Bus Éireann

**Dúirt breis agus 90% dár gcustaiméirí go molfaidís Bus Éireann do chara**




*Tabhairt isteach 88 feithicil nua a bhfuil Wi-Fi cumasaithe iontu, agus áirítear sna cóistí gnéithe atá saoráideach do chustaiméirí ar nós soicéid chumhachta, suíochánra compoird bhreise agus toilleadh méadaithe.*

Thug Bus Éireann aghaidh ar dhúshláin shuntasacha i rith na bliana 2012 arís. Is iad éifeachtaí an chúlaithe gheilleagraigh an tionchar is mó go fóill ar chúrsaí airgid Bhus Éireann, éifeachtaí a raibh drochthionchar nach bhfacthas cheana acu ar éileamh custaiméirí agus ar mhaoiniú Státchiste.

Thabhaigh an chuideachta easnamh €6.2 milliún in 2012 i gcomparáid le brabús €0.45 milliún, tar éis míreanna eisceachtúla, in 2011. B'ionann an caillteanas roimh mhíreanna eisceachtúla agus €1.84 milliún in 2011. Mar atá luaite thuas, cruthaítear na caillteanais go príomha mar gheall ar leibhéil laghdaithe fóirdheontais, ar phraghsanna luaineacha breosla, ar iomaíocht mhéadaithe agus ar éileamh éiginnte custaiméirí agus seasann siad do dhísciú neamh-iniompartha ar chúlchistí airgid na cuideachta.

In ainneoin na n-athruithe suntasacha a rinneadh ar an ngréasán in 2009, reo pá atá i bhfeidhm ó mhí Iúil 2008 agus coigilteas suntasach costais i gcaiteachas párolla agus i gcaiteachas nach cuid den phárolla é, bhí easnamh €6.2 milliún os comhair na cuideachta in 2012 agus laghdaíodh glansócmhainní na cuideachta go €17 milliún. Mar fhreagairt don staid airgeadais atá ag meath, ghlac an chuideachta páirt i bpróiseas mionsonraithe in 2011 chun comhaontú a dhéanamh ar phlean a dhéanfadh cuideachta bhrabúsach den chuideachta arís. Áiríodh comhairliúchán le baill foirne ag gach leibhéal leis seo. D'fhonn laghduithe suntasacha ar an ngréasán reatha seirbhísí agus na caillteanais phost ghaolmhara a sheachaint, ba í freagairt na cuideachta don timpeallacht airgeadais dhúshlánach ná aghaidh a thabhairt uirthi trí shraith chuimsitheach beart. Cuimsíodh sna bearta seo:

- Pleananna giniúna ioncaim,
- Athruithe ar bhealaí Luasbhealaigh,
- Pleananna laghdaithe costais – costais phárolla agus costais nach cuid den phárolla iad.

Is gné lárnach den phlean seo coigilteas beartaithe párolla na cuideachta atá bainteach le hathruithe ar théarmaí agus coinníollacha.

D'éirigh leis an gcuideachta croí-ioncam paisinéirí bóthair a mhéadú €3.5 milliún in 2012 agus bhí méadú €2.6 milliún ar an ioncam iomlán. Bhí laghdú €6.5 milliún in 2012 ar íocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí d'fheidhmiú na seirbhísí faoi chonradh don Údarás Náisiúnta Iompair, áfach. Baineadh coigilteas caiteachais €6.5 milliún amach in 2012. Mar sin féin, ní fhabhróidh an coigilteas párolla a bhaineann leis na hathruithe ar théarmaí agus coinníollacha ach ón mbliain 2013 i leith de dheasca moilleanna sna hathruithe seo a chur i bhfeidhm. Chosain arduithe ar chostas breosla €3.6m ar an gcuideachta in 2012 freisin.


Rinneadh an coigilteas costais seo ar fad agus an chuideachta ag leanúint le gréasán cuimsitheach comhtháite iompair seirbhísí a chur ar fáil ag an am céanna. Leanadh ag laghdú an lín foirne thar gach grád le linn 2012 agus an meánlíon foirne ag 2,551 i gcomparáid le 2,605 in 2011, laghdú 54. Lean Bus Éireann ag infheistiú in áiseanna, i gcórais TF agus i ngléasra agus in innealra le fanacht iomaíoch agus chun leibhéil chaighdeáin a choimeád. Ba é €2.4m méid iomlán an chaiteachais chaipitiúil in 2012. Fuair an chuideachta cistiú freisin le haghaidh seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí dar luach €3.6 milliún ón Údarás Náisiúnta Iompair in 2012, a chuir ar chumas na cuideachta infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí feabhsaithe dá chustaiméirí.

B'ionann an t-ioncam iomlán in 2012 agus
**€286.3 milliún**
B'ionann é agus
**€283.7 milliún in 2011**


B'ionann an t-ioncam iomlán in 2012 agus €286.3 milliún. B'ionann é agus €283.7 milliún in 2011.


Leagtar amach an fheidhmíocht ioncaim le blianta beaga anuas sa tábla thíos:


### Ioncam




### Costais Oibriúcháin









*D'éirigh leis an gcuideachta croí-ioncam paisinéirí bóthair a mhéadú €3.5 milliún in 2012.*


## Treochtaí Margaidh

Le déanaí, tá titim mhór ar an éileamh ar iompar poiblí feicthe ag Bus Éireann de thairbhe an laghdaithe ar líon na ndaoine i mbun fostaíochta, an mheatha mhóir ar chúrsaí miondíola, agus an trálachta mhóir ar líon na dturasóirí a tháinig chun na hÉireann. Sa bhliain 2012, áfach, d'éirigh le Bus Éireann líon na bpaisinéirí bóthair a mhéadú 1% agus mhéadaigh líon na dturas custaiméirí ó 36.5m in 2011 go 36.8m in 2012. Mhéadaigh líon na gcustaiméirí 2% ar sheirbhísí cathrach agus mhéadaigh sé 4% ar sheirbhísí Luasbhealaigh. Bhí laghdú 1.5% ar an úsáid a bhain custaiméirí as seirbhísí cóiste scítheanna in 2012.

**An bhliain dar críoch an 31 Nollaig**

| Turais chustaiméara | 2012 000anna | 2011 000anna |
|---|---|---|
| Seirbhísí Cathrach Cúige | **16,728** | 16,389 |
| Seirbhísí eile sceidealaithe | **20,046** | 20,112 |
| Fo-iomlán | **36,774** | 36,501 |
| Scéim Iompar Scoile | **40,398** | 41,814 |
| | **77,172** | 78,315 |

### Turais Custaiméara Iomlána




**An bhliain dar críoch an 31 Nollaig**

| Ciliméadair Feithicle | 2012 000anna | 2011 000anna |
|---|---|---|
| Seirbhísí Cathrach Cúige | **7,805** | 8,061 |
| Seirbhísí eile - féin | **82,633** | 82,409 |
| Seirbhísí eile - faoi fhochonradh | **82,014** | 81,623 |
| | **172,452** | 172,093 |

## Pobail a Nascadh ar feadh 25 Bliain

Shonraigh mí Feabhra 2012 comóradh 25 bliain de bhunú Bhus Éireann. D'athraigh an chuideachta go mór ó thosaigh sé ag feidhmiú in 1987, ach is ionann i gcónaí ár dtiomantas d'iompar poiblí ríthábhachtach a chur ar fáil do dhaoine i mbailte, i sráidbhailte agus i gcathracha ar fud na tíre ar dhóigh éifeachtúil, éifeachtach agus shábháilte ar ár ngréasán comhtháite seirbhísí. Tá an-bhród orainn a rá go bhfuilimid ag croílár na bpobal ar fud na tíre ar feadh 25 bliain.

Sa ról seo, soláthraímid seirbhísí riachtanacha bus a chuireann le pobail áitiúla, a éascaíonn forbairt gheilleagrach agus a thacaíonn léi agus a bhreisíonn cáilíocht na beatha do go leor daoine a chónaíonn i gceantair thuaithe nó chúigeacha.

Mar fhostóir 2,551 duine i 17 láthair ar fud na tíre agus mar cheannaitheoir earraí agus soláthairtí ó bhreis agus 2,600 soláthraí, cuirimid go mór le pobail áitiúla ó thaobh an gheilleagair freisin.

Agus, mar sholáthraí cineál iompair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, cabhraímid le dul chun sochair pobal trí astaíochtaí laghdaithe agus caighdeán feabhsaithe an aeir.

Baineadh fás suntasach agus forbairt shuntasach Bhus Éireann le 25 bliain anuas amach trí dhíriú leanúnach ar fheabhsú agus trí chustaiméirí a chur ag croílár an ghnó. In 2012, leanamar orainn ag nuáil agus ag breisiú sholáthar ár seirbhísí trí raon leathan beart a thabhairt isteach ar fud ár dtáirgí go léir chun a chinntiú go gcuirimid an tseirbhís is fearr is féidir ar fáil do na custaiméirí agus do na pobail a bhfreastalaímid orthu. Leagtar amach iad seo ar na leathanaigh a leanann.

# Seirbhísí Tráchtála

## Luasbhealach

### Feabhsúcháin Seirbhíse

In 2012, rinneadh forbairt shuntasach ar ghréasán Luasbhealaigh chun éileamh custaiméirí ar agaí turais laghdaithe agus tuilleadh nasc le haerfoirt mhóra a chomhlíonadh. Mar gheall air seo, tugadh roinnt seirbhísí ag a bhfuil stopanna teoranta isteach a bhain leas freisin as an ngréasán feabhsaithe mótarbhealaigh chun fad na dturas a laghdú. Mar shampla, tá an t-aga turais chóiste is gasta sa mhargadh ag Bealach 2 Loch Garman-Baile Átha Cliath-Aerfort Bhaile Átha Cliath, nach dtógann ach 2 uair an chloig agus 40 nóiméad.

Ina theannta sin, rinne Bus Éireann agus an t-oibreoir príobháideach Gobus seirbhís nua gan stop GoBé a thabhairt isteach ó Chorcaigh go Baile Átha Cliath/go hAerfort Bhaile Átha Cliath. Níl ach aga turais 3 uair an chloig ó Chathair go Cathair ag an tseirbhís agus tá na cóistí go léir feistithe le Wi-Fi saor in aisce agus leithris ar bord.

### Infheistíocht sa Chabhlach

Tar éis infheistíocht €11m ó acmhainní Bhus Éireann féin, rinneadh an t-eispéireas custaiméirí ar Luasbhealach a bhreisiú tuilleadh trí thabhairt isteach 28 cóiste nua sa tseirbhís ina bhfuil Wi-Fi saor in aisce, soicéid leictreachais ag suíocháin áirithe, suíochánra compoird bhreise agus spás breise do na cosa. Áiríodh leis seo 8 gcóiste dhá stór a bhfuil dhá thábla thíos staighre iontu, agus tá siad ar na feithiclí is mó riamh i stair na cuideachta toisc go bhfuil slí iontu do 82 paisinéir.

### Béim ar Nuálaíocht

Chomh maith leis na feithiclí nua, cuireadh Wi-Fi saor in aisce ar fáil freisin ar leath de chabhlach Luasbhealaigh na cuideachta, rud a raibh an-tóir ag custaiméirí air. Táthar ag súil go mbeidh an chuid eile den chabhlach tráchtála cumasaithe le Wi-Fi in 2013.

D'éascaigh Bus Éireann a chustaiméirí freisin lena dturas a phleanáil agus a cheannach ar líne trína chóras ríomhthicéadaithe a uasghrádú agus trí phleanálaí turais nua ag a bhfuil gnéithe mapála a thabhairt isteach. Agus thug ár nAip Taistil Shoghluaiste don iPhone an cumas do chustaiméirí féachaint ar an am cruinn a sroichfeadh na chéad seirbhísí eile ceann ar bith dár stadanna ar fud na tíre.


### Úsáid a Spreagadh

D'fhonn úsáid thairiscint fheabhsaithe an Luasbhealaigh a chur chun cinn, tugadh faoi mhórfheachtas margaíochta ar an teilifís, ar an raidió, sna meáin chló agus ar líne. Mar thoradh air seo, dúirt níos mó ná 80% de na daoine a chonaic an feachtas seo gur dhóchúil go dtaistileoidís le Bus Éireann amach anseo.

D'fhonn taisteal ar ár seirbhísí a spreagadh tuilleadh, lean Bus Éireann ar aghaidh ag méadú a scéime dílseachta nuálaí ar líne, a raibh breis agus 30,000 ball aige faoi dheireadh na bliana a d'fhéadfadh leas a bhaint as tairiscintí ó mhórbhrandaí ar nós Pizza Hut, Óstáin Maldron, DID Electrical, Elverys Sports agus Zú Bhaile Átha Cliath, chomh maith le taisteal lascainithe ar ár seirbhísí.

Leanamar orainn freisin ag úsáid na meán sóisialta chun ár seirbhísí Luasbhealaigh a chur chun cinn agus bhí 18,000 "leantóir" ag ár suíomh Facebook faoi dheireadh na bliana.

**Wi-Fi saor in aisce ar 202 feithicil agus i 7 mBusáras**



*Tugadh faoi mhórfheachtas fógraíochta in 2012 chun ár seirbhísí Luasbhealaigh a chur chun cinn, agus mar gheall air sin dúirt 80% díobh siúd a chonaic é gur dhóchúil go dtaistileoidís linn amach anseo.*

# Eurolines

In 2012 bhí an-tóir arís ar ár seirbhísí Eurolines chuig an Ríocht Aontaithe agus chuig an Eoraip a fheidhmímid i gcomhar le Irish Ferries agus bhí méadú 6% ar líon na gcustaiméirí.

D'fhonn freastal ar an éileamh breise seo, tugadh seirbhís samhraidh nua ó Bhaile Átha Cliath go Londain isteach ceithre lá sa tseachtain ó mhí Iúil go mí Mheán Fómhair.

# Páirceáil agus Taistil

Oibríonn Bus Éireann seirbhís Páirceála agus Taistil na Fuinnseoige Duibhe – Cé an Lapaigh i gCorcaigh thar ceann Chomhairle Cathrach Chorcaí. Tá an-tóir go fóill ar an tseirbhís i measc ár gcustaiméirí agus tugann sí réiteach taistil comhtháite agus áisiúil dóibh.

D'fheidhmigh seirbhísí breise Páirceála agus Taistil i gCorcaigh ar son Chomhairle Cathrach Chorcaí agus i nGaillimh freisin ar son Aonad Iompair na Gaillimhe le linn thréimhse na Nollag.

Trí sheirbhísí Páirceála agus Taistil a chur ar fáil, tugann Bus Éireann an rogha do chustaiméirí a gcarranna a úsáid don chéad chuid den turas, nuair nach mbíonn seirbhísí chomh fairsing nó má bhíonn rochtain laghdaithe acu ar sheirbhísí. Ceadaíonn an tseirbhís seo do chustaiméirí tranglam tráchta a sheachaint agus costais pháirceála lár na cathrach a sheachaint ag deireadh a dturais.

# Seirbhísí a Mhaoiníonn an Stát

Faoi chonradh leis an Údarás Náisiúnta Iompair, feidhmíonn Bus Éireann breis agus 300 bealach a mhaoiníonn an Stát a sholáthraíonn seirbhísí ríthábhachtacha a nascann pobail, go háirithe i gceantair thuaithe iargúlta. Áirítear leis seo seirbhísí cathrach i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach, i bPort Láirge agus i Sligeach, agus seirbhísí comaitéirí agus cóiste scítheanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Sa Chonradh Iompair Phoiblí reatha idir an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus Bus Éireann, atá i bhfeidhm ar feadh cúig bliana go dtí 2014, luaitear caighdeáin na feidhmíochta oibriúcháin agus seirbhísí do chustaiméirí nach mór do Bhus Éireann a choinneáil. Sa bhliain 2012, chomhlíon Bus Éireann na spriocanna feidhmíochta go léir a leagtar amach sa chonradh.

Fuair Bus Éireann fóirdheontas €37m ón Stát, mar íocaíocht ar PSO in 2012, laghdú 25% ó 2009.

## Feabhsúcháin Seirbhíse

Le linn 2012, thug Bus Éireann, i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, isteach roinnt feabhsúchán do roinnt seirbhísí PSO de réir éileamh custaiméirí, lena n-áirítear:

- Gréasán athbhreithnithe chathair na Gaillimhe ag a bhfuil minicíochtaí feabhsaithe, rochtain níos fearr ar limistéir fostaíochta agus ar eastáit tionscail ó limistéir chónaithe, tráthchláir fheabhsaithe agus seirbhís níos minice
- Gréasán athbhreithnithe cathrach i Luimneach ag a bhfuil bealaí nua traschathrach, rochtain fheabhsaithe ar Ospidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair, seirbhísí níos minice, agus naisc bhreisithe leis an stáisiún iarnróid agus bus
- Uasghrádú cúig bhealach cathrach i gCorcaigh agus tabhairt isteach an trasbhealaigh nua ón mBlarna go Rinn Mhachan.
- Tráthchláir athbhreithnithe ar Bhealach 472 ó Shligeach go dtí an Leathros agus ar sheirbhís 473 ó Shligeach go dtí an Ros

## Infheistíocht sa Chabhlach



*Chuaigh 60 feithicil PSO nua i seirbhís in 2012.*


Tar éis cistiú caipitil €20.4m ón Údarás Náisiúnta Iompair in 2011, chuaigh 60 feithicil PSO nua i seirbhís in 2012 ar sheirbhísí cathrach, comaitéirí agus cóiste scítheanna. Áiríodh leo 10 mbus dhá stór, 25 bus cathrach aon stóir, agus 25 cóiste aon stóir. Tá Wi-Fi saor in aisce ar fáil sna feithiclí go léir, agus tá na cóistí feistithe le soicéid chumhachta ag suíocháin áirithe.

## Béim ar Nuálaíocht

Ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair, lean Bus Éireann ar aghaidh ag nuáil d'fhonn taithí custaiméirí breisithe a chur ar fáil. Áiríodh le tionscnaimh ar tugadh fúthu in 2012:

- An Pleanálaí Turais Náisiúnta a thabhairt isteach, a sholáthraíonn faisnéis ón bpointe imeachta go dtí an ceann scríbe faoi na roghanna taistil go léir atá ar fáil chuig Poblacht na hÉireann, uaidh agus laistigh de. D'oibrigh Bus Éireann leis an Údarás Náisiúnta Iompair ar na sonraí sceidealaithe go léir a chur ar fáil do sheirbhísí Bhus Éireann le haghaidh an tionscadail seo.

- Scáileáin taispeána Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí (RTPI) a chur i bhfeidhm ag stadanna ar fud chathair Chorcaí in 2012. Foinsítear faisnéis le haghaidh na scáileán taispeána RTPI ón gCóras um Uathláthair Feithicle (AVL) de chuid Bhus Éireann atá suiteáilte ar gach bus cathrach i gCorcaigh, agus nuashonraíonn sé seo na scáileáin taispeána RTPI ar fud an lae. Cuirfear scáileáin taispeána RTPI i bhfeidhm do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, do chathair Luimnigh, do Chathair Phort Láirge agus do chathair na Gaillimhe in 2013.
- Ullmhúchán a dhéanamh do chur chun feidhme an Chárta Léime i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath mar chuid den Scéim Ticéadaithe Chomhtháite. Uasghrádaíodh gach meaisín ticéad i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath le léitheoirí cártaí cliste agus cuireadh formhór na bhfeabhsúchán cúloifige a bhí ag teastáil chun feidhme cheana féin.
- Chuir forbairt bhreise an chórais AVL ar ár gcumas príomh-lárionaid rialaithe a bhunú. Déanann na lárionaid rialaithe seo faireachán ar sheirbhísí ar bhealach fíor-ama le haird ar leith ar chloí le tráthchlár, ar chumarsáid le tiománaithe, ar chinntí oibriúcháin agus ar atreoruithe struchtúrtha, agus tá siad ina gcúis le soláthar feabhsaithe seirbhíse agus le hiontaofacht fheabhsaithe.
- Wi-Fi saor in aisce a thabhairt isteach i 7 gcinn dár stáisiúin
- Scáileáin taispeána faisnéis fíorama do chustaiméirí a thabhairt isteach ag 8 stáisiún



*Wi-Fi saor in aisce a thabhairt isteach i 7 gcinn dár stáisiúin.*

## Úsáid a Spreagadh

Tugadh faoi raon promóisean chun úsáid iompair phoiblí a spreagadh agus chun na feabhsúcháin thuas a phoibliú.

Áiríodh leis cur chun cinn Phleanálaí Turais an Údaráis Náisiúnta Iompair; comhfheachtas le hIarnród Éireann agus le Bus Átha Cliath a dhíriġh ar ghnóthais agus ar fhostaithe le béim a chur ar bhuntáistí na scéime Taxsaver a chabhraigh le méadú suntasach ar dhíolacháin na dticéad Taxsaver i rith na bliana; feachtais PR agus feachtais faisnéise don phobal faoi na gréasáin chathrach bhreisithe, agus táillí promóisin le taisteal a spreagadh ag príomhthréimhsí ar nós na Nollag.

Lean Bus Éireann ag obair go dlúth freisin leis an Údarás Náisiúnta Iompair, le Pobal/leis an gClár Iompair Tuaithe (RTP), le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun Seirbhís Iompair Chomhtháite chomhordaithe a fhorbairt. Is é an aidhm atá leis réimse breisithe seirbhísí iompair áitiúla agus tuaithe a chur ar fáil trí bhailte fearainn agus sráidbhailte a nascadh le bailte agus cathracha agus áiteanna eile ar bhealach a thugann luach ar airgead trí úsáid níos fearr a bhaint as gréasáin agus as acmhainní iompair.

# Iompar Scoile



*Iompraítear timpeall 114,000 leanbh faoi dhó sa lá ar chabhlach iompair scoile tiomanta Bhus Éireann agus faoi chonradh.*

Iompraítear tuairim is 114,000 leanbh bunscoile, leanbh meánscoile agus leanbh ag a bhfuil riachtanais speisialta ar bheagnach 4,000 feithicil ar fud 6,000 bealach gach lá scoile, ag freastal ar thuairim is 3,000 scoil ar fud na tíre faoin Scéim Iompar Scoile. Áirítear anseo 8,000 leanbh a bhfuil riachtanais speisialta acu a gcuirtear seirbhísí oiriúnaithe ar fáil dóibh a fheileann dá riachtanais aonair a fheidhmíonn ar bhonn doras le doras.

In 2012, lean Bus Éireann ar aghaidh ag obair go dlúth leis an Roinn Oideachais agus Scileanna d'fhonn a chinntiú go leantar de sheirbhísí iompair scoile a chur ar fáil faoin Scéim Iompar Scoile ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costais thar ceann an Stáit.

## Feabhsú Leanúnach

Tá luach breis agus €20m de bhearta coigilte costais in iompar scoile bainte amach ag Bus Éireann ó 2010 in ainneoin gur cuireadh níos mó ná 300 seirbhís nua leis an Scéim Iompar Scoile le linn an ama sin agus go ndearnadh na céadta feabhsúchán oibriúcháin ar sheirbhísí atá ann cheana a chur chun feidhme. Sa bhliain 2012 amháin, tugadh 150 seirbhís nua isteach agus bhí méadú go 439 ar líon na bhfeithiclí atá oiriúnach do chathaoir rothaí a sholáthraíonn seirbhísí iompair scoile.

Chuir éifeachtúlachtaí a baineadh amach in 2012 go mór leis an riachtanas chun coigilteas €17m a bhaint amach sa Bhuiséad Iompair Scoile faoi 2014 faoin bPlean Téarnaimh Náisiúnta 2011 go 2014.

I rith 2012, cuireadh aistriú na freagrachta as riarachán na Scéime Iompar Iar-Bhunscoile ó Oifigigh Theagmhála Iompair go Bus Éireann a chur i gcrích go héifeachtúil agus i gcomhréir le ceanglais an Rialtais. Rinneadh athruithe ar an Scéim Iompar Scoile a fógraíodh sa Cháinaisnéis a chur chun feidhme dá réir sin.

Ina theannta sin, rinne Bus Éireann dul chun cinn ar fhorbairt a chórais nua TF d'Iompar Scoile, a fheabhsóidh cumas na cuideachta pleanáil agus monatóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí iompair scoile a sholáthar agus, dá bhrí sin, a sholáthróidh tuilleadh coigilteas costais.

## Béim ar Shábháilteacht

Is í sábháilteacht ár bpáistí scoile atá ag taisteal ar ár seirbhísí iompair scoile ár n-ardtosaíocht agus tugadh aird ar leith go fóill ar chur chun cinn na sábháilteachta ar bhusanna scoile agus ar phríomhtheachtaireachtaí sábháilteachta a chur in iúl i rith 2012. Thug Seó Bóthair um Shábháilteacht Busanna Scoile Bhus Éireann cuairt ar scoileanna agus ghlac sé páirt i roinnt imeachtaí ilghníomhaireachta timpeall na tíre.

Leanaimid ag oibriú go dlúth le hAonad Grinnfhiosrúcháin Lárnach an Gharda Síochána lena chinntiú go ndéantar seiceanna cúlra ar gach ball pearsanra a bhaineann le soláthar beagnach 4,000 seirbhís iompair scoile faoin Scéim Iompar Scoile, lena n-áirítear Bus Éireann agus tiománaithe faoi Chonradh.

Mar chuid thábhachtach dár bprótacail sábháilteachta, fostaíonn Bus Éireann seirbhísí grúpa saineolaithe neamhspleácha atá tiomanta do sheirbhísí gairmiúla iniúchta d'fheithiclí agus agus do chórais chothabhála a chur ar fáil agus a thugann comhairle agus cúnamh a chuidíonn lena chinntiú go bhfuil ár nósanna imeachta féin do chothabháil cabhlaigh, ní hamháin in iompar scoile, comhsheasmhach leis na cleachtais tionscail is fearr. Úsáidtear an ghníomhaireacht neamhspleách seo chomh maith chun spotseiceáil a dhéanamh ar bhusanna Conraitheoirí a sholáthraíonn seirbhísí bus scoile faoin Scéim. Tá an réimse seo ina ábhar d'aird leanúnach an lucht bainistíochta agus déanann an chuideachta a dhícheall feabhsú leanúnach ar chaighdeáin sábháilteachta a bhaint amach.

# Tiomantas do Phobail

Tá Bus Éireann ag croílár pobal le 25 bliain anuas agus tugann sé aird iomchuí ar a ról i seirbhísí ríthábhachtacha sóisialta agus geilleagracha a chur ar fáil dóibh. Agus sinn ag soláthar na seirbhísí seo, cabhraímid freisin le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na bpobal seo ar roinnt bealaí.

## Seirbhísí a Choinneáil i nDrochaimsir

I rith tréimhsí drochaimsire, d'éirigh le Bus Éireann an chuid ba mhó dá sheirbhísí a choinneáil lena chinntiú go raibh custaiméirí in ann dul chuig an obair, chuig an gcoláiste, chuig na siopaí agus cuairt a thabhairt ar dhaoine muinteartha agus ar chairde.

## Cuideachta a Chuireann le Geilleagair Áitiúla agus le Gnóthais Áitiúla

Soláthraíonn Bus Éireann seirbhís shóisialta ríthábhachtach do bheagnach gach pobal sa tír lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Anuas air sin, éascaíonn an chuideachta líon suntasach custaiméirí a thaistealaíonn go Baile Átha Cliath le haghaidh oibre agus caitheamh aimsire. Mar fhostóir 2,551 duine i 17 láthair ar fud na tíre, cuirimid go mór leis na pobail sin ó an gheilleagair freisin. Tá 1,428 soláthraí breise, a sholáthraíonn timpeall 3,414 feithicil agus a chuireann os cionn 4,000 post ar fáil, faoi chonradh le seirbhísí a sholáthar, don Scéim Iompar Scoile go príomha. Ina theannta sin, ceannaímid méid suntasach earraí agus seirbhísí áitiúla; ceannaíonn an chuideachta ó thuairim is 1,234 soláthraí ar fud na tíre.

Cruthaíonn Bus Éireann an-sochar geilleagrach don Státchiste. Ranníoc an chuideachta €53.7m in 2012 trí íocaíochtaí ÍMAT/ÁSPC, CBL, Cáin Charbóin, agus Dleacht Mháil. Tá an méid seo a tugadh don Státchiste níos mó ná an méid a fuaireamar i maoiniú Stáit in 2012.

**Thacaigh Bus Éireann le breis agus**
**4,000**
**post in 2012**

## Ag Tacú le Turasóireacht

Is foinse ríthábhachtach ioncaim agus fostaíochta í turasóireacht do phobail ar fud na tíre, agus lean Bus Éireann ar aghaidh ag tacú leis an earnáil turasóireachta trí sheirbhísí speisialta a chur ar fáil d'fhéilte agus d'imeachtaí ar feadh na bliana.

### Féilte

Thacaigh Bus Éireann le raon leathan imeachtaí ar fud na tíre i rith na bliana, ar nós fhéile Sea Sessions i mBun Dobhráin, Fhéile Snagcheoil Chorcaí, an Chomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta, Electric Picnic, agus fhéile Spraoi Chathair Phort Láirge.

### Turais Lae

I rith 2012, chuir Bus Éireann réimse leathan turas lae ar fáil ar fud na tíre. Tugadh cuairt ar chuid de na háiteanna is áille agus is cáiliúla ó thaobh cultúir in Éirinn, ar nós Ghleann dá Loch, Shí an Bhrú, Mhórchuaird Chiarraí, na Blarnan agus Mhainistir na Coille Móire.

### Imeachtaí Spóirt

Chuir Bus Éireann seirbhísí speisialta ar fáil chuig Cluichí Ceannais na hÉireann sa Pheil agus san Iománaíocht, agus chuig Cluiche Ceannais Iománaíochta Chúige Laighean.

Ba sinne an t-iompróir oifigiúil iompair d'imreoirí, d'oifigigh agus d'uaisle Chraobh Oscailte Ban na hÉireann. Leanann Bus Éireann ar aghaidh mar an soláthraí oifigiúil iompair d'fhoirne sinsearacha IRFU agus FAI agus mar sholáthraí iompair do Bhord Contae Bhaile Átha Cliath, d'Iománaíocht na Gaillimhe agus do Rugbaí Laighean. Chuireamar seirbhísí speisialta ar fáil chomh maith chuig Rásaí na Gaillimhe agus Rásaí Luimnigh, mar aon le seirbhísí tointeála ó Luimneach chuig Páirc Thuamhan do chluichí rugbaí Chúige Mumhan.

### Rannpháirtíocht Pobail

Lean Bus Éireann lena thiomantas do phobail ar fud na tíre lena thacaíocht do thionscadail náisiúnta agus áitiúla.

Lean Bus Éireann ar aghaidh ag urrú Fhéile Peile na nÓg agus Fhéile na nGael Faoi 14 de chuid an CLG. Is féilte náisiúnta peile agus iománaíochta iad seo do bhuachaillí agus do chailíní. Ghlac os cionn 8,000 imreoir óg as gach cearn d'Éirinn agus thar lear páirt sna himeachtaí i mBaile Átha Cliath agus i Laois.

Tá Bus Éireann ina phríomhurraitheoir ar Shraith Náisiúnta FAI na mBan. Tá 7 gclub sa tsraith, is iad sin: Castlebar Celtic FC, Cork Women's FC, Peamount United, Ráth Eanaigh Aontaithe, Ruagairí na Seamróige, Tonnta DLR agus Wexford Youths Women's AFC.

I mbliain na gCluichí Oilimpeacha, thacaigh Bus Éireann freisin leis an imreoir badmantain Scott Evans agus leis an rothaí Caroline Ryan ina n-iarrachtaí traenála do na Cluichí.

Bhí ról gníomhach ag Bus Éireann chomh maith ag oibriú leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus le comhlachtaí Stáit agus áitiúla eile chun Seachtain Soghluaisteachta na hEorpa a chur chun cinn, ar tionscnamh é chun úsáid níos mó as iompar poiblí a spreagadh ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil.

Áirítear le samplaí de rannpháirtíocht pobail ag leibhéal áitiúil ár n-urraíocht ar Dhuaiseanna Pobail agus Deonacha Chontae Phort Láirge do Réigiún Iarthar Phort Láirge.

Thug foireann Bhus Éireann ag 13 stáisiún ar fud na tíre a n-am ar son Oilimpicí Speisialta Éireann, a reáchtáil lá bailiúcháin náisiúnta le linn 2012.




*Thacaigh Bus Éireann leis an rothaí Caroline Ryan ina hiarrachtaí traenála do na Cluichí Oilimpeacha.*

## Labhairt lenár gCustaiméirí

Tá sé ríthábhachtach don chuideachta ár gcustaiméirí a choinneáil ar an eolas. Is príomhthosaíocht atá ann do Bhus Éireann monatóireacht a dhéanamh ar shástacht custaiméara agus í a fheabhsú agus déantar é seo trí chumarsáid leanúnach lenár gcustaiméirí ar bhonn laethúil. Is toisc ríthábhachtach é chun sástacht custaiméara a fheabhsú agus tá aiseolas custaiméara thar a bheith tábhachtach dúinn.

Déanann Bus Éireann a sheacht ndícheall i gcónaí luach ar airgead a chur ar fáil do chustaiméirí, rud a bhaineann le measúnú leanúnach, athrú agus feabhsú ar ár ngréasán agus ár seirbhísí. Leagtar réimse tiomantais seirbhíse amach i gCairt Chustaiméara na cuideachta a bhfuil an chuideachta tiomanta dá soláthar do chustaiméirí reatha agus d'fhonn custaiméirí nua a mhealladh:

Déantar iniúchadh neamhspleách go ráithiúil chun feidhmíocht Bhus Éireann a thomhas i dtaobh a thiomantais seirbhíse a shásamh. Cuimsítear trí chomhpháirt shonracha san iniúchadh:

- Suirbhéanna custaiméara a dhéanann braistintí feidhmíochta custaiméirí a thomhas
- Breathnú ar imeachtaí bus chun feidhmíocht na n-oibríochtaí bus a thomhas
- Rúnsiopaeirí agus breathnóireacht chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe áirithe den tseirbhís do chustaiméirí

Spreagaimid aiseolas ó chustaiméirí trí ríomhphoist a fháil ó chustaiméirí ag info@buseireann.ie.

## Sochair Chomhshaoil

Lean Bus Éireann ar aghaidh ag cur Éicithiomáint agus Tiomáint Chosantach chun feidhme dá fhoireann tiomána ar fad in 2012. Tá Córais Bhainistíochta Cabhlaigh Teileamaitice feistithe sa chabhlach nua a chuaigh i seirbhís go luath sa bhliain 2012. Cuidíonn an trealamh le tiománaithe tiomáint thíosach gach cineál feithicle a uasmhéadú. Tá áis Réchasta Innill Scoite uathoibríoch feistithe i ngach feithicil nua, a chinntíonn go múchtar an t-inneall tar éis tréimhse ina stad, agus dá bhrí sin, sábháiltear breosla agus laghdaítear astuithe.


Mar chuid de na hoibreacha ar Gharáiste Thobar an Chaipín i gCorcaigh, tá córas athchúrsála uisce á shuiteáil chun uisce ón Niteoir Bus a athchúrsáil. Soláthróidh sé modh ard-éifeachtúil agus sábháilte le fuíolluisce ó oibríochtaí níocháin feithicle a athchúrsáil, a laghdaíonn an tionchar ar an gcomhshaol trí ídiú uisce agus doirteadh fuíolluisce ó na hoibríochtaí sin a choigilt. Níonn Garáiste Thobar an Chaipín suas go dtí 150 bus sa lá agus úsáideann sé 22,500 lítear uisce. Tiocfaidh laghdú tuairim is 70% ar an ídiú uisce bus mar gheall ar an gcóras. Íoslaghdaítear an cailleadh uisce agus, dá bhrí sin, laghdaítear méid an fhuíolluisce forsceite chuig séaraigh phoiblí go níos lú ná 5%.

## Ídiú fuinnimh

Is é an príomhídiú fuinnimh do Bhus Éireann an t-ídiú sin a bhaineann leis an úsáid díosail sa chabhlach busanna. Is iad leictreachas agus gás ag áitribh na príomhfhoinsí fuinnimh eile a ídítear. Ba é seo an miondealú ar ídiú fuinnimh don bhliain 2012: breosla a d'úsáid an cabhlach 96.5%, Leictreachas 1.9%, Gás 1.3% agus Ola Téimh 0.3%.

Úsáidtear ídiú leictreachais go príomha chun garáistí agus oifigí a shoilsiú agus a fheidhmiú agus úsáidtear gás agus ola le haghaidh téimh. In 2012, d'ídigh Bus Éireann 302,495 MWh fuinnimh. Ba éard a bhí ann:

- 291,770 MWh breosla díosail chun an cabhlach busanna a rith
- 5,792 MWh leictreachais
- 4,044 MWh gáis nádúrtha
- 889 MWh ola téimh




**Ídiú fuinnimh na cuideachta in 2012.**

Tar éis sheachadadh an 88 feithicil nua in 2012 a bhí feistithe le córas teileamaitice, chuireamar tús le roinnt bealaí éicithiomána a thástáil ar fud na tíre. I dteannta an éicithiomáint a chur i bhfeidhm de réir bealaigh, tá clár feasachta comhlántach ar réchasadh ag tosú freisin. Socraíodh spriocanna soiléire do 2013 le haghaidh coigilteas breosla a thagann as tiomáint atá níos oiriúnaí don chomhshaol agus réchasadh innill laghdaithe timpeall ár mbusáras agus ár ngaráistí.

## Tástáil an Bhus Gáis Nádúrtha Chomhbhrúite




*In 2012, thug Bus Éireann isteach an chéad tástáil a rinneadh in Éirinn ar fheithicil iompair phoiblí atá cumhachtaithe ag Gás Nádúrtha Comhbhrúite (CNG).*

In 2012, thug Bus Éireann isteach an chéad tástáil a rinneadh in Éirinn ar fheithicil iompair phoiblí cumhachtaithe ag Gás Nádúrtha Comhbhrúite (CNG). D'fheidhmigh an bus cathrach ar bhealaí chathair Chorcaí agus bhí aiseolas ó chustaiméirí agus ó thiománaithe an-dearfach maidir le torann laghdaithe feithicle agus caoine turais. Thacaigh torthaí na tástála leis an dearcadh idirnáisiúnta go ndéanann CNG leas d'oibríochtaí iompair chathrach i ndáil leis an lorg carbóin agus costais bhreosla a laghdú.

Thacaigh an soláthraí feithiclí MAN, Líonraí Bhord Gáis agus Comhghuaillíocht na mBusanna Gáis leis an tástáil.

## Inrochtaineacht

Cuireadh 88 feithicil nua atá inrochtana go hiomlán leis an gcabhlach chomh maith in 2012. Leanfaimid orainn ag tabhairt isteach seirbhísí cóiste inrochtana le háiseanna ardaitheora do chathaoir rothaí bealach ar bhealach, a luaithe agus a bheidh líon iomlán na gcóistí inrochtana ar fáil faoi réir maoiniú.

Le linn 2012, tháinig an Grúpa Úsáideoirí Míchumais le chéile roinnt uaireanta chun an dul chun cinn atá á dhéanamh a phlé agus chun athbhreithniú a dhéanamh air.

Tá Bus Éireann ina bhall de Choiste Inrochtana Iompair Phoiblí (PTAC) agus tá grúpa úsáideora gníomhach a phléann le cúrsaí inrochtana againn a bhfuil IWA, DeafHear, NCBI agus an Grúpa Fócais Míchumais ar Fhóram Pobail Bhaile Átha Cliath i measc na mball. Tá na grúpaí seo réamhghníomhach i bhforbairt seirbhísí inrochtana Bhus Éireann.

## Oibríochtaí Garáiste

Tar éis 88 feithicil nua a fháil in 2012, thug an fhoireann oibríochta garáiste ar fad faoi chlár oiliúna taithíochta chun forbairt a dhéanamh ar an eolas ar an gcabhlach reatha agus chun comhtháthú sábháilte agus réidh an chabhlaigh ardteicneolaíochta a éascú ar fud na tíre.

Cuireadh tús le hathfhorbairt bhusáras Thobar an Chaipín i gCorcaigh in 2012. Nuair a chuirfear i gcrích í, beidh bonneagar nua breoslaithe, stóráil breosla, bothán slándála, bealach isteach ina gcuimsítear bacainní uathoibrithe, uasghrádú seirbhísí leictreachais, córas CCTV, uasghrádú fuíolluisce agus leagan amach páirceála sna háiseanna i dTobar an Chaipín. Cuireadh struchtúr na háise nua breoslaithe i gcrích go mall in 2012 agus meastar go gcuirfear an tionscadal seo i gcrích ina iomláine i lár na bliana 2013.

Rinneadh athchóiriú ar Bhusáras na hUaimhe i lár na bliana 2012. Áiríodh leis uasghrádú an chlóis lenar áiríodh athdhromchlú iomlán na láithreach lastála, fál slándála timpeall na himlíne, suiteáil soilsithe sa chlós, láthair lastála imfhálaithe agus mionathruithe eile Sláinte agus Sábháilteachta.

Leanadh d'fhorbairtí garáiste agus d'obair feabhsaithe ar fud na tíre freisin. Tugadh ceithre thionscadal cláir tosaigh d'uasghrádú leictreach ón gcéim dearaidh go dtí an chéim tairisceana chríochnaithe agus tá na tionscadail le tosú go luath in 2013.

## Infheistíocht i nDaoine

Lean Bus Éireann lena infheistíocht leanúnach in oiliúint agus i bhforbairt foirne in 2012.

### Oiliúint Tiománaithe

In 2012, críochnaíodh an ceathrú modúl den oiliúint do Dheimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil (CPC) do Thiománaithe, arna fhaomhadh ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, agus cuireadh tús leis an gcúigiú modúl. Oileadh teagascóirí oiliúna chun cúrsa éicithiomána/tiomána cosantaí a sholáthar agus cuireadh tús le soláthar an chúrsa do thiománaithe i rith 2012.

Thug gach teagascóir oiliúna agus tiománaí faoi oiliúint taithíochta ar na feithiclí nua a cuireadh leis an gcabhlach. Rinne an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre cigireacht ar áitribh oiliúna agus rinne sé measúnuithe randamacha ar gach teagascóir a sholáthair an CPC do Thiománaithe. Mar gheall air sin, bronnadh dámhachtain náisiúnta Leading Light ar theagascóir amháin as an mbealach sármhaith a sholáthair sé an oiliúint.

Leanadh le taithíocht agus oiliúint feithicle ar fheidhmiú feithiclí inrochtana do chathaoireacha rothaí le linn na bliana. Leanadh ag eisiúint agus ag scaipeadh Feasachán Ráithiúil um Shábháilteacht Tiománaí ar gach tiománaí.

## Foireann Cothabhála

Thosaigh an dara bliain de phlean oiliúna trí bliana d'oibrithe ceirde in 2012. Is é aidhm an phlean trí bliana oiliúint a chur ar fáil ar phróisis agus ar nósanna imeachta nua agus forbairt leanúnach ar thuiscint ar dhiagnóisic ghinearálta agus athchóiriú feithiclí. Chuir gach oibrí ceirde cúrsa oiliúna ar fheistiú agus ar iniúchadh rotha i gcrích.

Leanadh le hoiliúint a theastaíonn go reachtúil d'oibrithe ceirde in 2012, cosúil le hOibriú ag Airdí, Oiliúint Cothabhála Aerchóirithe, Oiliúint Gabhaltrucail Ardaithe agus fuair gach saoiste garáiste oiliúint ar threalamh ardaithe feithicle.

Rinne roinnt maoirseoirí cothabhála agus innealtóirí réigiúnacha Cúrsa Bainistíochta Sábháilteachta de chuid na hInstitiúide Sábháilteachta agus Sláinte Gairme (IOSH).

Rinne gráid éagsúla d'fhoireann cothabhála oiliúint maor dóiteáin, oiliúint ar láimhsiú sábháilte agus oiliúint gharchabhrach a chur i gcrích.

## Oiliúint Printíseach

Lean oiliúint printíseach ar aghaidh, le hearcú 14 phrintíseach nua in 2012. Tugann na printísigh faoi chlár oiliúna ceithre bliana, arna chur ar fáil ag Bus Éireann i gcomhar le FÁS.

## An Duaischéim

Tríd an Duaischéim, scéim atá oscailte do gach ball foirne, cuireadh réimse cúrsaí ar fáil don fhoireann le cuidiú leo a scileanna a fhorbairt san ionad oibre.

## Foireann Chléireachais

Cuireadh réimse leathan cúrsaí ar fáil don fhoireann ag díriú ar bhealaí éifeachtúla oibre a fhorbairt, mar aon le bainistiú daoine agus scileanna cúraim chustaiméara a bhreisiú. Chuir roinnt den fhoireann chléireachais measúnú i gCleachtais Tiomána Cosantaí agus i dTeicnící Éicithiomána i gcrích go sásúil.

## Foireann Bhainistíochta

Cuireadh tús le clár forbartha bainisteoireachta dar teideal "One Team – One Plan" i lár na bliana 2012 agus soláthraíodh do thuairim is dhá chéad bainisteoir agus maoirseoir de chuid Bhus Éireann é.

Rinne an clár teagmháil le maoirseoirí/bainisteoirí túslíne chun cur ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar thascanna dúshlánacha laistigh den chuideachta, le go mbeidís ar an bpríomhphointe fócais agus ar an bpríomhnasc idir an Fhoireann Ardbhainistíochta agus na fostaithe. Dhírigh sé freisin ar fhorbairt a dhéanamh ar a scileanna ceannaireachta agus tionchair d'fhonn a bheith i gceannas foirne ag a bhfuil feasacht tráchtála agus atá dírithe ar Eochairtháscairí Feidhmíochta a bhaint amach.

Lean Bus Éireann ag tabhairt urraíochta do roinnt fostaithe ar chlár i Staidéir Bainistíochta don Earnáil Iompair, a bhfuil creidiúnú HETAC aige. Cuireann Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) agus Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach (CIT) an cúrsa seo ar fáil. Thosaigh ochtar mac léinn an clár go mall in 2012 agus chuaigh aon mhac léinn déag eile isteach sa dara bliain den chlár.

Lean Bus Éireann ar aghaidh chomh maith ag infheistiú ina thaithí bhainistíochta le linn na bliana agus baill foirne ag tabhairt faoi chúrsaí éagsúla le fócas ar leith ar scileanna bainistithe éifeachtacha agus éifeachtúla a fhorbairt, agus chuir líon suntasach bainisteoirí an CPC do lucht bainistíochta i gcrích.

Chuir roinnt ball fhoireann bhainistíochta measúnú i gCleachtais Tiomána Cosantaí agus i dTeicnící Éicithiomána i gcrích go sásúil.

**D'fhostaigh Bus Éireann 14 phrintíseach nua in 2012**




In 2012, rinneadh forbairt shuntasach ar ghréasán Luasbhealaigh chun éileamh custaiméirí ar agaí turais laghdaithe agus tuilleadh nasc le haerfoirt mhóra a chomhlíonadh.

# Stiúrthóirí agus faisnéis eile

## Bord Stiúrthóirí

### Amhail an 19 Aibreán 2013

Paul Mallee, Cathaoirleach

Susan Donohoe (Ar scor ón 14 Márta 2013)

John Griffin (Ar scor ón 17 Bealtaine 2012)

Tom Hussey

John Moloney

Bill McCamley

Micheál Ó Faoláin

Henry Minogue

Kieran Fay

Aidan Murphy (Ceaptha an 16 Aibreán 2013)

Gerard Ryan

## Príomhfheidhmeannach

Martin Nolan

## Rúnaí agus Oifig Chláraithe

Andrea Keane,

An Chloch Leathan,

Baile Átha Cliath 7.

Guthán: 00 353 1 703 3447

Facs: 00 353 1 703 3486

Suíomh Gréasáin: www.buseireann.ie

Uimhir Chláraithe: 119570

## Iniúchóirí

PricewaterhouseCoopers
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,
Aon Duga Spencer,
Baile Átha Cliath 1

# Bord Stiúrthóirí



## Paul Mallee

Ceapadh Paul Mallee ina Chathaoirleach ar Bhus Éireann agus mar Comhalta Boird de Chóras Iompair Éireann an 29 Meitheamh 2011. Is sainchomhairleoir bainistíochta san earnáil iompair atá ann, a oibríonn go hidirnáisiúnta. Bhí poist shinsearacha aige le Etihad Airways agus le Booz & Company, ar comhairleacht straitéise domhanda í. Is Ánra agus iar-uachtarán é Paul den Chartered Institute of Logistics and Transport (CILT) Ireland. Is céimí de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit é. Tá Céim Mháistreachta aige i mBainistíocht agus Pleanáil Straitéiseach, Céim Baitsiléara Tráchtála agus Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil i mBainistíocht Oibríochtaí Iompair ar Bhóithre.



## Susan Donohoe

Ceapadh Susan Donohue ar an mBord ar dtús i mí an Mhárta 2010. Is comhalta í Susan de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte agus tá taithí aici i réimse leathan ról airgeadais ó 1978 i leith. D'oibrigh Susan i gcleachtas ar feadh 16 bliana agus b'iniúchóir cláraithe í ó 1997 go 2003. Thug sí faoin ról mar bhainisteoir airgeadais i dtionscail éagsúla freisin. Ina ról reatha mar Bhainisteoir Seirbhísí Corparáideacha do EQuita Consulting Ltd, tá Susan ina ceannaire ar fhoireann daoine gairmiúla speisialtóra in Idirbheartaíocht Tráchtála, Eadráin, Réiteach Díospóide, Iniúchtaí Bulaíochta agus Ciaptha agus Cóitseáil Feidhmeannach in Éirinn, san Eoraip, i Meiriceá agus sa Mheánoirthear. Céimí de chuid UCD í Susan agus bhíodh sí ina ball de Chomhairle CERT agus ina ball de bhord eatramhach Fháilte Éireann. D'éirigh Susan as a post mar stiúrthóir an 14 Márta 2013.



## John Griffin

Ceapadh John Griffin ar an mBord ar dtús i mí na Bealtaine 2009. D'fhreastail John ar feadh tríocha bliain mar Fhostaí sa tSeirbhís Phoiblí le O.P.W. agus an Post. Bhí sé i seilbh oifige tofa ar feadh timpeall tríocha bliain le Comhairle Contae Luimnigh agus ar a Coistí ar fad. Bhí sé ina Bhall de Chomhlacht Rialála Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, agus ina Bhall de Choiste Iniúchta Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí. Tá sé mar Bhall d'Institiúid Oideachais Luimnigh, agus ina Bhall de Choiste Iniúchta L.I.T. Cathaoirleach Iontaobhaithe Chuan Fhainge. Cathaoirleach ar Choiste Gairmoideachais Chathair Luimnigh agus Cathaoirleach ar Choiste Airgeadais I.V.E.A. le deich mbliana. D'éirigh sé as a phost mar stiúrthóir an 17 Bealtaine 2012.



## Tom Hussey

Ceapadh Tom Hussey ar an mbord i mí na Nollag 2010. Is iar-Ionadaí Poiblí é Tom agus bhí sé ina T.D. do Thoghcheantar na Gaillimhe Thoir idir 1969 agus 1981. Bhí sé ina Aire Stáit do Thalmhaíocht, Sláinte agus Leas Sóisialach ó 1977 go 1981 agus toghadh é dá éis mar Sheanadóir agus bhí sé ar an bPainéal Talmhaíochta ar feadh 12 bhliain go dtí 1992.

Bhí Tom ina Chathaoirleach ar Chomhairle Contae na Gaillimhe ar feadh ceithre bliana as a chéile i lár na 1970idí agus bhí sé mar chathaoirleach ar Bhord Sláinte an Iarthair chomh maith.

Céimí de chuid OÉ Gaillimh é, agus d'fhóin Tom mar bhall ar Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe mar Stiúrthóir Aontas agus ar an mBord Oideachas Aosach Náisiúnta. Bhí sé ina stiúrthóir ar Chuideachta Caladh Bhaile Átha Cliath ó 2002 go 2010.

# Bord Stiúrthóirí (ar lean)



## John Moloney

Ceapadh John Moloney don Bhord i mí na Nollag 2005 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh John ag oibriú le Bus Éireann sa bhliain 1978 agus oibríonn sé i gCorcaigh mar thiománaí bus. Tá sé ina bhall de NBRU.



## Bill McCamley

Ceapadh Bill McCamley don Bhord a chéaduair i mí na Nollag 1997 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 go 1981. Thosaigh Bill ag oibriú le Bus Átha Cliath sa bhliain 1974 agus oibríonn sé i nGaráiste Bhaile Phib mar thiománaí bus. Bhí raon post aige ina cheardchumann, SIPTU, lena n-áirítear comhaltas de na Coistí Réigiúnacha, Rannáin agus Craoibhe. Is comhalta de Choiste na hEarnála Iompair agus de Choiste Dhúiche Bhaile Átha Cliath é faoi láthair. Rinne sé ionadaíocht dá cheardchumann ag roinnt comhdhálacha iompair Eorpacha agus bhí sé ina chomhalta de Mheitheal Oibre na Roinne Dlí agus Cirt um Fhoréigean Bus, 1996. Scríobh Bill go fairsing faoi shaincheisteanna iompair agus ceardchumainn, lena n-áirítear leabhar faoi stair oibreoirí tram Bhaile Átha Cliath.



## Micheál Ó Faoláin

Ceapadh Micheál Ó Faoláin ar an mBord ar dtús i mí Feabhra 2011. Iarstiúrthóir ar Bhord Gáis Éireann é, agus chaith Micheál tamall ar fhochoistí Iniúchta agus P.R. mar aon le bheith ina stiúrthóir ar chuideachta comhfhiontair C.H.P C M Power.

Mar iar-phríomhoide meánscoile, tá taithí phraiticiúil ag Micheál ar an gcóras iompair scoile. Tagann taithí ghnó eile óna stiúrthóireachtaí ar Telcotec, soláthróir córas cúloifige guthán póca; Three Rock Media, cuideachta oiliúna ar líne i réimse na grianghrafadóireachta/ceamara láimhe; agus Athgal, gnólacht sainchomhairliúcháin gnó/oideachais.

Is Céimí Dán agus Dlí ó OÉ Gaillimh é Micheál, agus tá Dioplóma i gCaidreamh Tionsclaíoch aige chomh maith ón N.C.I.R.



## Henry Minogue

Ceapadh Henry ar an mBord i mí Dheireadh Fómhair 2011. Tá sé ina Stiúrthóir TF ag UPC in Éirinn ón mbliain 2006 i leith. Bhí sé ina Chlárbhainisteoir Straitéise agus Pleanála roimhe sin. Tá sé ag plé leis an earnáil TF agus Teileachumarsáide in Éirinn le 18 mbliana anuas. Tá an-taithí ghnó faighte aige lena linn seo i bPleanáil Straitéiseach TF, i mBainistíocht Oibríochtaí TF, i Seachadadh agus Rialachas agus sheachaid sé cláir bunaithe ar Chlaochlú Gnó trí Nuálaíocht.

Is iomaí post ardbhainistíochta agus comhairliúcháin a bhí aige sa tionscal teileachumarsáide in Éirinn. Tá poist chomhairliúcháin clúdaithe ina chuid cúraimí freisin san earnáil mhiondíola agus san earnáil airgeadais. Tá Henry ina bhall de Chumann Ríomhaireachta na hÉireann agus d'Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn.

Ceapadh Henry ina Chathaoirleach ar Ghrúpa um Athbhreithniú Iniúchta Bhus Éireann le linn 2012. Is Céimí Dán agus Dlí ó OÉ Gaillimh é Micheál, agus tá Dioplóma i gCaidreamh Tionsclaíoch aige chomh maith ón N.C.I.R.

# Bord Stiúrthóirí (ar lean)



## Kieran Fay

Ceapadh Kieran ar an mBord i mí na Samhna 2011. Céimí Choláiste na Tríonóide é Kieran. Tá Céim Onórach Eolaíochta agus Dioplóma san Innealtóireacht Chomhshaoil aige agus tá Máistreacht Eolaíochta aige ó Ollscoil Naipier i nDún Éideann. Eolaí Cairte (MCIWEM 2008) agus Bainisteoir Cairte Uisce agus Comhshaoil (C.WEM 2009) é. Tá níos mó de 14 bliana de thaithí aige i gcúrsaí gnó san earnáil Innealtóireacht Chomhshaoil agus san earnáil Sláinte agus Sábháilteachta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear an Oifig um Measúnú Comhshaoil ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) in Éirinn.

Tá sé ar fostú faoi láthair i gComhairleacht Innealtóireachta na hEarnála Príobháidí; pléann sé le tionscadail lena chinntiú go gcomhlíonann siad reachtaíocht an AE agus go gcuirtear Córais Bainistíochta Comhshaoil (EMS) i bhfeidhm.

Is Céimí Dán agus Dlí ó OÉ Gaillimh é Micheál, agus tá Dioplóma i gCaidreamh Tionsclaíoch aige chomh maith ón N.C.I.R.



## Gerard Ryan

Ceapadh Gerard ina stiúrthóir an 30 Iúil 2012. Tá níos mó ná 15 bliana de thaithí ardbhainistíochta ag Gerard Ryan in earnáil na seirbhísí airgeadais agus san earnáil TF in eagraíochtaí éagsúla. Stiúrthóir Oibríochtaí atá ann san am i láthair in Acorn Life Ltd. Cuideachta árachas saoil Éireannach é Acorn Life atá bunaithe i nGaillimh faoi úinéireacht phríobháideach. Phléigh sé le bainistíocht ghinearálta go mion minic roimhe seo agus tá an-taithí aige freisin i mbainistíocht airgeadais agus chostais, i measúnú agus i mbainistíocht tionscadal, in athrú gnó, i nuálaíocht bunaithe ar an teicneolaíocht agus i bhfreastal ar riachtanais na gcustaiméirí. Bhain sé Máistreacht i Riarachán Gnó amach i Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Ghnóthaigh sé BSc in Eolaíocht Ríomhaireachta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, freisin. Ceapadh ina stiúrthóir é an 30 Iúil 2012.



## Aidan Murphy

Ceapadh Aidan Murphy ar an mBord i mí Aibreáin 2013.

Tá taithí fhairsing aige mar ghairmí Slabhra Soláthair agus is Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Pulse Logistics é faoi láthair. Bhí poist aige roimhe sin mar Stiúrthóir Bainistíochta, Soláthar, C&C Group, mar Bhainisteoir Ginearálta Wincanton Ireland agus mar Stiúrthóir Lóistíochta Allegro Ltd. Bhí sé ina phríomhchainteoir do roinnt imeachtaí Eorpacha faoin Slabhra Soláthair, lena n-áirítear Logicon agus an Cruinniú Mullaigh Eorpach Slabhra Soláthair agus is Ánra agus Iar-Uachtarán é den Chartered Institute of Logistics and Transport Ireland.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair de réir a n-oibleagáidí faoi Acht na gCuideachtaí, 1963 go 2012 agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986. Tá ráitis airgeadais na cuideachta agus na nótaí lena mbaineann, atá mar chuid de na ráitis airgeadais agus san áireamh sa tuarascáil seo, réitithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn.

## Príomhghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is cuideachta bainistíochta iompair atá i mBus Éireann, arb iad a bpríomhghníomhaíochtaí bainistíocht agus pleanáil gréasán comhtháite seirbhísí, ag úsáid a n-acmhainní féin agus acmhainní fochonraitheora. Clúdaíonn an gréasán comhtháite seo seirbhísí cóiste fadréimseacha, seirbhísí bus áitiúla, tuaithe, comaitéara, cúige, cathrach agus baile. Tá an chuideachta freagrach chomh maith as bainistíocht agus as soláthar na Scéime Iompar Scoile ar fud na tíre ar son na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Bhí easnamh foriomlán €6.23m ag an gcuideachta tar éis íocaíocht €36.88m na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí. Cé gur bhain an chuideachta coigilteas amach ar fud raon ceannteideal i rith 2012, tháinig easnamh foriomlán don bhliain as an laghdú €6.5m ar fhóirdheontas i dteannta costais mhéadaithe bhreosla €3.6m.

Tháinig méadú 0.273 milliún turas ar thurais paisinéirí bóthair agus tháinig laghdú 1.42 milliún turas ar thurais scoile in 2012.

D'éirigh leis an gcuideachta croí-ioncam paisinéirí a mhéadú i dtimpeallacht gheilleagrach dheacair. Bhí méadú €3.5m ar chroí-ioncam paisinéirí agus bhí laghdú ar ioncam Iompar Scoile ar aon dul le coigilteas a gnóthaíodh don Roinn Oideachais agus Scileanna.

Leanann an chuideachta lena fhócas láidir ar ghréasán seirbhísí sábháilte agus éifeachtach a sheachadadh do na custaiméirí ar fad. Agus monatóireacht á déanamh ar fheidhmíocht na cuideachta, déanann an bhainistíocht agus stiúrthóirí na cuideachta araon athbhreithniú rialta ar tháscairí tábhachtacha feidhmíochta i leith cúrsaí airgeadais agus oibriúcháin.

Tá athbhreithniú mionsonraithe ar ghníomhaíocht na cuideachta don bhliain ar fáil san Athbhreithniú ar Oibríochtaí ar leathanaigh 3 go 15.

## Torthaí agus Cúlchistí

Leagtar amach go mion na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 ar leathanaigh 26 go 43. Léiríonn na torthaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 Easnamh €6.23m (2011: Barrachas €0.45m).

## Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca

Coinníonn an chuideachta clár riosca agus nuashonraítear é le hathbhreithniú ag na stiúrthóirí agus an bhainistíocht sinsir ar bhonn leanúnach. Tá Coiste Sábháilteachta Boird agus Coiste Cothabhála Boird i bhfeidhm chomh maith chun athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí sábháilteachta, ar chúrsaí cothabhála agus ar nósanna imeachta agus tuairiscíonn siad chuig Bord Bhus Éireann.

## Infheistíocht Chaipitiúil

Ba é €2.4m méid iomlán an chaiteachais chaipitiúil in 2012. Fuair an chuideachta cistiú caipitiúil freisin le haghaidh seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí dar luach €1.1 milliún ón Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) in 2012, a chuir ar chumas na cuideachta infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí feabhsaithe dá custaiméirí.

# Tinreamh ag Cruinnithe Boird agus Coiste

Tá sonraí thinreamh na stiúrthóirí ag cruinnithe boird agus coiste i rith 2012 thíos.

| | Bord BÉ | Sáb-háil-teacht | Co-thab-háil |
|---|---|---|---|
| An tUasal Paul Mallee | 10/10 | - | - |
| An tUasal Henry Minogue | 9/10 | - | - |
| An tUasal John Griffin | 3/4 | - | 2/2 |
| An tUasal Tom Hussey | 10/10 | 6/6 | - |
| An tUasal Kieran Fay | 9/10 | 6/6 | 2/2 |
| An tUasal John Moloney | 6/10 | 5/6 | 4/5 |
| An tUasal Bill McCamley | 9/10 | - | - |
| An tUasal Susan Donohoe | 9/10 | - | - |
| An tUasal Micheál Ó Faoláin | 9/10 | - | 5/5 |
| An tUasal Gerard Ryan | 4/4 | | - |

D'fhreastail John Moloney ar chruinniú boird uair amháin i rith na bliana trí nasc físe, de bhreis ar an méid thuas.

# An Grúpa um Athbhreithniú Iniúchta

Amhail an 19 Aibreán 2013, tá comhaltaí neamhfheidhmiúcháin an Bhoird sa Ghrúpa um Athbhreithniú Iniúchta, mar seo a leanas: Henry Minogue agus Gerard Ryan, (Susan Donohoe go dtí gur éirigh sí as a post mar stiúrthóir an 14 Márta 2013).

Is iad príomhdhualgais an Ghrúpa um Athbhreithniú Iniúchta maoirseacht a dhéanamh ar an gcaidreamh leis an iniúchóir seachtrach, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar cheapadh an iniúchóra sheachtraigh, táillí iniúchóireachta, agus aon cheist a bhaineann le neamhspleáchas, le héirí as nó le dífhostú. Déanann an Grúpa um Athbhreithniú Iniúchta plé leis an iniúchóir seachtrach faoi chineál agus raon an iniúchta agus faoi na torthaí. Déanann an Grúpa monatóireacht freisin ar shláine na ráiteas airgeadais arna n-ullmhú ag an gCuideachta.

Leanann an Grúpa ag aghaidh ag déanamh athbhreithniú ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus chórais bhainistíochta riosca na Cuideachta trí thuairiscí díreacha rialta chun dáta a fháil ó Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Ghrúpa agus ón lucht ardbhainistíochta.

D'fhormheas an Bord Téarmaí Tagartha an Ghrúpa um Athbhreithniú Iniúchta agus déantar iad a athbhreithniú ar bhonn bliantúil agus a leasú de réir mar is cuí. Tháinig an Grúpa le chéile cúig huaire in 2012 (ceithre huaire in 2011). Ceapadh na hIniúchóirí Seachtracha, PricewaterhouseCoopers, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010 ar feadh tréimhse trí bliana. Dá bhrí sin, molann an Grúpa um Athbhreithniú Iniúchta don Bhord gur cheart iad a athcheapadh go foirmiúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012. Ní raibh aon oibleagáidí conarthacha a ghníomhaigh leis an nGrúpa um Athbhreithniú Iniúchta a shrianadh agus an moladh seo á dhéanamh.

Ní raibh aon seirbhísí ábhartha curtha ar fáil ag na hiniúchóirí i rith na bliana faoi athbhreithniú. Dá bhrí sin, tar éis dó breithniú a dhéanamh ar na caidrimh go léir idir an Chuideachta agus an gnólacht iniúchóireachta seachtraí, ní mheasann an Grúpa um Athbhreithniú Iniúchta go dtéann na caidrimh sin i bhfeidhm ar bhreithiúnas ná ar neamhspleáchas an iniúchóra.

# Rannpháirtíocht Fostaí

In 2012, leanadh de chruinnithe ráithiúla na gcomhairlí áitiúla le linn na bliana.

# Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an chuideachta tiomanta do leas a bhfostaithe a chinntiú trí áit shábháilte oibre a chothabháil agus trí chloí leis an reachtaíocht fostaíochta ábhartha lena n-áirítear an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

Tháinig Coiste Sábháilteachta Bhord Bhus Éireann, a bunaíodh ag leibhéal fobhoird in 2004, le chéile sé huaire le linn na bliana. Déanann an Coiste seo monatóireacht ar shábháilteacht na cuideachta in aghaidh plean sábháilteachta bliantúil agus spreagann siad an rannpháirtíocht is leithne i bhfeasacht sábháilteachta agus cosc tionóisc sa chuideachta.

# Rialachán AE (Íocaíocht Dhéanach) 2002

Tuigeann na stiúrthóirí a bhfreagracht maidir le comhlíonadh a chinntiú, i ngach ngné ábhartha, le forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach) 2002. Cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun na dátaí a shainaithint ar a mbíonn sonraisc dlite agus lena chinntiú go n-íoctar iad faoi dhátaí áirithe. Tugann na nósanna imeachta seo dearbhú réasúnta in aghaidh neamh-chomhlíonadh ábhartha le rialacháin.

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Faoi mar is gá faoin Acht um Míchumas 2005, leanann Bus Éireann ag déanamh monatóireachta ar líon a bhfostaithe atá faoi mhíchumas. Ó thosaigh Bus Éireann an próiseas monatóireachta seo, tá ardú beag ach seasta tagtha ar an líon fostaithe faoi mhíchumas.

Lean Bus Éireann lena rannpháirtíocht mar pháirtí gnó leis an Institiúid Náisiúnta um Míchumas Intleachta (NIID) ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is institiúid chuimsitheach atá san NIID a dhíríonn ar fhoghlaim feadh an tsaoil do dhaoine faoi mhíchumas intleachta. Ag an NIID, tig le mic léinn faoi mhíchumas intleachta bheith páirteach i gclár faofa lánaimseartha dhá bhliain.

Thosaigh Bus Éireann ag obair i gcomhar le hIonad Bhaile Bhlainséir um Maireachtáil Neamhspleách (BCIL) freisin, atá mar chuid de ghluaiseacht idirnáisiúnta agus náisiúnta laistigh den earnáil mhíchumais arb é a cuspóir daoine faoi mhíchumas a chumhachtú agus a chumasú le maireachtáil go neamhspleách.

Lean Bus Éireann de bheith rannpháirteach leis an Údarás Comhionannais agus le cuideachtaí eile iompair i gclár chun seirbhísí iompair a chur ar fáil do gach aois.

## Leabhair Chuntas

Is iad na bearta a thóg na stiúrthóirí d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfaí oibleagáidí na cuideachta chun leabhair chuí chuntas a choimeád, córais agus nósanna imeachta feiliúnacha a úsáid agus daoine inniúla a fhostú. Coimeádtar na leabhair chuntas ag Bus Éireann, an Chloch Leathan, Baile Átha Cliath 7.

## Stiúrthóirí

Ceapann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt stiúrthóirí na cuideachta. Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina stiúrthóirí i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2012 nó a ceapadh ó shin leagtha amach thíos. Seachas nuair a luaitear é, bhí siad ina stiúrthóirí don bhliain ar fad.

An tUasal Paul Mallee, Cathaoirleach
An tUasal Henry Minogue
An tUasal John Moloney
An tUasal John Griffin (Ar scor ón 17 Bealtaine 2012)
An tUasal Bill McCamley
An tUasal Tom Hussey
An tUasal Susan Donohoe (Ar scor ón 14 Márta 2013)
An tUasal Micheál Ó Faoláin
An tUasal Kieran Fay
An tUasal Aidan Murphy (Ceaptha an 16 Aibreán 2013)
An tUasal Gerard Ryan (Ceaptha an 30 Iúil 2012)

Ní raibh aon suim in aon scaireanna ná bintiúir de chuid na cuideachta, a cuideachta sealbhaíochta ná a fochuideachtaí ag aon duine de na stiúrthóirí ná ag an rúnaí ag aon am le linn na bliana.

## Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit

Leagtar amach sonraí de na beartais agus nósanna imeachta a chuir an chuideachta i bhfeidhm tar éis fhoilsiú an Chóid Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit i gCuntais Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Eachtraí Iar-Chlár Comhardaithe

Ní ann d'aon eachtraí suntasacha iar-chlár comhardaithe óna dteastaíonn mionathrú ar na ráitis airgeadais nó nóta a chur isteach ina dtaobh.

## Gnóthas Leantach

Tá ionchas réasúnta ag an mBord Stiúrthóirí go mbeidh dóthain acmhainní ag an gcuideachta chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, leanann siad orthu ag glacadh le bunús 'an ghnóthais leantaigh' i leith ullmhú na gcuntas. Féach ar Nóta 1 de na cuntais freisin le haghaidh Gnóthas Leantach.

## Iniúchóirí

Tá sé léirithe ag na hIniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe, gur mian leo leanúint in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

19 Aibreán 2013

Thar ceann an bhoird

**P. Mallee**, Cathaoirleach
**H. Minogue**, Stiúrthóir

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Éilíonn dlí cuideachta na hÉireann ar stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar an mbarrachas nó ar an easnamh don bhliain sin.

Ceanglaítear na nithe seo a leanas ar na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á gcur i dtoll a chéile:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé neamhchuí le toimhdiú go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntas chuí a choinneáil, a nochtann go réasúnta cruinn ag aon tráth staid airgeadais na cuideachta agus a ligeann dóibh a chinntiú gur réitíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus go gcloíonn siad le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012.

Tá freagracht orthu chomh maith as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as céimeanna réasúnta a thabhairt le calaois agus le mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

Bus Éireann

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha do bhaill Bhus Éireann - Irish Bus

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais Bhus Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012. San áireamh sna Ráitis Airgeadais seo tá Cuntas Brabúis agus Caillteanais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, na Beartais Chuntasaíochta agus na nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn).

## Freagrachtaí faoi seach na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí

Mar atá mínithe ar bhealach níos iomláine sa 'Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí' atá leagtha amach ar leathanach 24, tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a ullmhú ina dtugtar léargas fírinneach cóir. Is é an fhreagracht atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairim a chur in iúl fúthu de réir dhlí na hÉireann agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Ceanglaíonn na caighdeáin sin orainn cloí leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí ón mBord um Chleachtais Iniúchóireachta.

Ullmhaíodh an tuarascáil seo, na tuairimí san áireamh, do bhaill na cuideachta mar chomhlacht amháin de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus ní ar aon chúis eile. Ní ghlacaimid, agus sinn ag léiriú na dtuairimí seo, freagracht as aon chuspóir eile ná d'aon duine eile a dtaispeántar nó a dtugtar an tuarascáil seo dóibh ach amháin má thugaimid ár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

## Raon an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist in iniúchadh ná fianaise a fháil ar na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais atá dóthanach le cinntiú nach bhfuil míráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid ina mbonn leis, sna ráitis airgeadais. Áirítear measúnú leis seo ar na nithe seo a leanas: cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chás na cuideachta agus an raibh, nó nach raibh, siad curtha i bhfeidhm go leanúnach agus nochta go cuí; réasúnacht na meastachán suntasach cuntasaíochta arna ndéanamh ag na stiúrthóirí; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Anuas air sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais ar fad i dTuarascáil na Stiúrthóirí chun ábhair neamhréireacha ábhartha sna ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint. Má chuirtear ar an eolas sinn go bhfuil aon mhíráiteas follasach nó aon ábhar neamhréireach sna ráitis airgeadais, déanfaimid breithniú ar na himpleachtaí a bheadh i ndán dár dtuarascáil.

## Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Is é ár dtuairim é go bhfuil na nithe seo a leanas fíor faoi na ráitis airgeadais:

- tugann siad léargas fírinneach cóir, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn, maidir le staid ghnóthaí na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2012 agus maidir lena heasnamh agus sreafaí airgid don bhliain dar críoch sin; agus
- ullmhaíodh iad i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012.

## Ábhair a cheanglaítear orainn a thuairisciú de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012

- Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a shílimid a theastaigh uainn inár n-iniúchadh.
- Is é ár dtuairim é gur choimeád an chuideachta leabhair chuntas iomchuí.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntas.
- Is é ár dtuairim é go bhfuil an fhaisnéis i dTuarascáil na Stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.
- Is ionann glansócmhainní na cuideachta, faoi mar a shonraítear sa Chlár Comhardaithe, agus níos mó ná leath de mhéid a scairchaipitil ghlaoite, agus ar an mbonn sin táimid den tuairim nach raibh aon chás airgeadais ann an 31 Nollaig 2012 a cheanglódh tionól chruinniú ginearálta urghnách na cuideachta, de réir Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983.

## Ábhair a cheanglaítear orainn a thuairisciú de réir eisceachta

Níl aon ní le tuairisciú againn i leith na bhforálacha in Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2012, a cheanglaíonn orainn tuairisc a thabhairt mura ndéantar, inár dtuairim, an nochtadh maidir le luach saothair agus idirbhearta stiúrthóirí a shonraíonn an dlí.

**Teresa Harrington**
le haghaidh agus thar ceann PricewaterhouseCoopers
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúil

Baile Átha Cliath
26 Aibreán 2013

# Príomhbheartais Chuntasaíochta

Mar seo a leanas iad na beartais thábhachtacha chuntasaíochta agus na teicnící meastacháin arna nglacadh ag an gcuideachta:

## (A) Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éirinn agus reacht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2012. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éirinn a úsáidtear in ullmhú ráiteas airgeadais a thugann léargas fírinneach cóir agus na caighdeáin a eisíonn Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus a fhoilsíonn Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

## (B) Sócmhainní inláimhsithe agus dímheas

Sonraítear sócmhainní inláimhsithe de réir a gcostais stairiúil lúide dímheas carntha bunaithe ar a gcostas stairiúil.

Is iad seo a leanas bunúis ríomha an dímheasa:

### (i) Feithiclí Paisinéirí Bóthair

Déantar dímheas ar chostais stairiúla na bhfeithiclí paisinéirí bóthair seachas busanna scoile thar a saolréanna fónta measta ar bhonn céatadán laghdaithe a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil. Déantar dímheas ar chostais stairiúla na mbusanna scoile i dtráthchodanna bliantúla cothroma thar a saolréanna fónta measta.

### (ii) Gléasra agus innealra

Déantar dímheas ar ghléasra agus innealra, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a saolréanna fónta measta.

## (C) Sócmhainní ar Léas

### Léasanna oibriúcháin

Déantar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin a mhuirear chuig an gCuntas Brabúis agus Caillteanais de réir mar a thabhaítear iad.

## (D) Stoic

Déantar luacháil ar stoic ábhar agus ar pháirteanna spártha ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé acu is lú.

Díscríobhtar stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i leith stoc a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

## (E) Deontais agus Íocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí

### (i) Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO)

Déileáiltear le híocaíochtaí PSO a fhaightear i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais.

### (ii) Deontais an Aontais Eorpaigh agus an Státchiste

Déantar deontais an Aontais Eorpaigh (AE) agus deontais an Státchiste a bhaineann le caiteachas caipitil a chur chun sochair ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gCuntas Brabúis agus Caillteanais ar an mbonn céanna agus a dhéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

## (F) Airgeadra Eachtrach

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra eachtrach go euro ag an ráta a bhíonn i mbun rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna iníoctha nó infhála clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Glactar le caillteanais nó gnóthachain mhalartaithe réadaithe ar idirbhearta a socraíodh i gcaitheamh na bliana mar chuid den bharrachas nó den easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ar an dáta a luaitear sa chlár comhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

## (G) Pinsin

Déantar an costas a bhfuil coinne leis i dtaobh pinsin a chur ar fáil d'fhostaithe a mhuirear chuig an gCuntas Brabúis agus Caillteanais mar a thabhaítear é thar thréimhse fostaíochta na bhfostaithe inphinsin. Ríomhtar an costas, le tairbhe comhairle ó achtúirí neamhspleácha, ag céatadán a mheastar bheith cobhsaí den phá inphinsin. Scartar athraithigh ó chostais phinsin rialta, a shainaithnítear i luachálacha achtúireacha tréimhseacha, thar na meánsaoil seirbhíse a mheastar atá fágtha ag baill na scéime.

Soláthraítear do chostas caipitil pinsean forlíontach agus déantar é a mhuirear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais sa bhliain ina n-aithnítear téarbhadh an fhostaí lena mbaineann agus áirítear sa chostas téarfa é.

| An bhliain dar críoch an 31 Nollaig | *Nótaí* | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Ioncam** | | **286,328** | 283,685 |
| **Costais** | | | |
| Párolla agus costais ghaolmhara | *2* | **(131,793)** | (130,722) |
| Ábhair agus seirbhísí | *3(a)* | **(191,644)** | (190,831) |
| Dímheas lúide amúchadh deontas | *4* | **(8,638)** | (7,863) |
| **Costais oibriúcháin iomlána** | | **(332,075)** | (329,416) |
| **Easnamh roimh chaillteanas ar dhiúscairt, ús, Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus roimh mhíreanna eisceachtúla** | | **(45,747)** | (45,731) |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | | **(57)** | (91) |
| **Easnamh roimh Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí, Ús agus roimh mhíreanna eisceachtúla** | | **(45,804)** | (45,822) |
| Ús infhála | | **294** | 574 |
| **Easnamh roimh Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí agus roimh mhíreanna eisceachtúla** | | **(45,510)** | (45,248) |
| Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | *20* | **36,883** | 43,403 |
| **Easnamh don bhliain tar éis íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus roimh mhíreanna eisceachtúla** | | **(8,627)** | (1,845) |
| Míreanna Eisceachtúla | *3(b)* | **2,400** | 2,300 |
| **(Easnamh)/Barrachas don bhliain tar éis Oibleagáid Seirbhíse Poiblí agus tar éis míreanna eisceachtúla** | | **(6,227)** | 455 |
| **Easnamh carntha ag tús na bliana** | | **(6,204)** | (6,659) |
| **Easnamh carntha ag deireadh na bliana** | | **(12,431)** | (6,204) |

Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leantacha na cuideachta.

Ní raibh aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta eile seachas iad siúd a áiríodh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais.

Thar ceann an bhoird

**P. Mallee**, Cathaoirleach
**H. Minogue**, Stiúrthóir

| An bhliain dar críoch an 31 Nollaig | *Nótaí* | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | *5* | **101,430** | 121,791 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | *6* | **4,008** | 4,728 |
| Féichiúnaithe | *7* | **75,057** | 78,079 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | **1,062** | 1,016 |
| | | **80,127** | **83,823** |
| **Creidiúnaithe** (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin) | *8* | **(70,699)** | (72,497) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **9,428** | 11,326 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **110,858** | **133,117** |
| Soláthar do dhliteanais agus do mhuirir | *9* | **(43,204)** | (47,829) |
| Ioncam Iarchurtha | *10* | **(50,881)** | (62,288) |
| | | **16,773** | **23,000** |
| **Arna maoiniú acu seo a leanas:** | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | *11* | **29,204** | 29,204 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | | **(12,431)** | (6,204) |
| **Cistí scairshealbhóirí** | *12* | **16,773** | **23,000** |

Thar ceann an bhoird

**P. Mallee**, Cathaoirleach
**H. Minogue**, Stiúrthóir

| An bhliain dar críoch an 31 Nollaig | *Nótaí* | **2012** | 2011 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | €000 |
| **(Eis-sreabhadh) glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | *13(a)* | **(1,030)** | **(6,208)** |
| **Torthaí ar infheistíocht agus fónamh a dhéanamh ar airgeadas** | | | |
| Ús infhála | | 294 | 574 |
| | | (736) | (5,634) |
| **Caiteachas caipitil** | | | |
| Breiseanna le sócmhainní inláimhsithe | *5* | (2,419) | (33,500) |
| Diúscairt sócmhainní inláimhsithe | | 12 | 35 |
| Deontais chaipitil a fuarthas | *10* | 1,197 | 19,191 |
| **(Eis-sreabhadh) roimh úsáid acmhainní leachtacha agus maoiniú** | | **(1,946)** | **(19,908)** |
| **Bainistiú ar acmhainní leachtacha** | | | |
| Gluaiseacht i méideanna dlite ag an gcuideachta shealbhaíochta | *13(b)* | **1,992** | **20,836** |
| **Méadú ar airgead** | *13(b)* | **46** | **928** |

Is éard is acmhainní leachtacha ann méideanna dlite ag an gcuideachta shealbhaíochta, a léiríonn airgead a ghintear nach dteastaíonn láithreach d'oibríochtaí, agus a chuirtear ar fáil don chuideachta shealbhaíochta, inaisíoctha ar éileamh.

| | **2012** | 2011 |
|---|---|---|
| **Réiteach glan-insreafa airgid go gluaiseacht i nglanchistí** | **€000** | €000 |
| Méadú ar airgead sa bhliain | 46 | 928 |
| Airgead ó athrú in acmhainní leachtacha | (1,992) | (20,836) |
| **Gluaiseacht i nglanchistí** | **(1,946)** | **(19,908)** |
| Glanchistí amhail an 1 Eanáir | 65,851 | 85,759 |
| **Glanchistí amhail an 31 Nollaig** | **63,905** | **65,851** |

## 1. Gnóthas Leantach

Thabhaigh an Chuideachta glanchaillteanas €6.2 milliún le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2012 agus, tráth an dáta sin, bhí glansócmhainní darbh fhiú €16.8 milliún agus glansócmhainní reatha darbh fhiú €9.4 milliún ag an gCuideachta. Léirítear i réamh-mheastacháin reatha an lucht bainistíochta go mbainfidh an Chuideachta brabús amach arís in 2013. Nuair a chuirtear caiteachas caipitiúil san áireamh, léirítear sna réamh-mheastacháin do Bhus Éireann go dtabhóidh an chuideachta eis-sreabhadh glan airgid i ngach ceann de na 5 bliana ó 2013 go 2017. Mar gheall ar na heasnaimh airgid sin, beidh gá le maoiniú breise a fháil ó Ghrúpa CIÉ. Tá cóip den nochtadh a bhaineann le Gnóthas Leantach a áirítear le Nóta 1 de Ráitis Airgeadais CIE, san áireamh thíos:

> "Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh, rud a thugann le fios go go mbeidh an Grúpa ábalta leanúint ar aghaidh i mbun feidhme go ceann i bhfad.
>
> Nuair a bhí na ráitis airgeadais do 2011 á síniú i mí na Samhna 2012, bhí roinnt rioscaí agus neamhchinnteachtaí os comhair an Ghrúpa. Sháraigh an Grúpa na háiseanna iasachtaíochta a bhí ar fáil dó go luath in 2012. Íocadh an barrachas a bhuíochas le réamhíocaíochtaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí. Ón dáta sin i leith, d'fhan an Grúpa laistigh dá áiseanna iasachtaíochta atá ann cheana. Cé gur tháinig an Bord ar an gconclúid go raibh sé iomchuí na ráitis airgeadais do 2011 a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, d'aithin sé go raibh roinnt neamhchinnteachtaí ann, lena n-áirítear neamhchinnteachtaí maidir le stádas maoinithe an Ghrúpa go háirithe, a bhí mar chúis leis an gconclúid go raibh neamhchinnteacht ábhartha ann ag an am sin.
>
> Tráth a síníodh na ráitis airgeadais do 2011, bhí an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt tar éis a chur in iúl go gcuirfí maoiniú breise ar fáil don Ghrúpa i bhfoirm ach raibh cinntithe chun gníomhaíochtaí leanúnacha an Ghrúpa a mhaoiniú aníos leis an 31 Nollaig 2012. Ní dhearnadh cinneadh maidir le leagan amach ná le méid an mhaoinithe seo faoin am sin, ach chuir an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt litir thacaíochta ar fáil don Ghrúpa dar dáta an 30 Lúnasa 2012. Ina dhiaidh sin, chuir an Roinn maoiniú breise fóirdheontais dar luach €36 milliún ar fáil don Ghrúpa go mall in 2012 mar chuid den tacaíocht sin.
>
> Tharla roinnt forbairtí suntasacha a mhaolaigh cuid de na neamhchinnteachtaí a bhí os comhair an Ghrúpa roimhe sin. Tá siad leagtha amach thíos:-
>
> - Chuir an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an €36 milliún i bhfóirdheontas breise ar fáil go mall in 2012;
> - Dhíol an Grúpa a leas sa léas talún i nDuga Spencer, rud a ghin suim airgid €20 milliún i mí na Nollag 2012;
> - Cuireadh an clár suntasach Téarfa Dheonaigh 2012 de chuid Iarnród Éireann i gcrích i mí na Nollag 2012 (a chur go mór leis an bplean iomlán coigilteas costais);
> - Tar éis tréimhse fhaidréiseach meatha de dheasca an gheilleagair bhunúsaigh, thosaigh ioncam agus líon na bpaisinéirí ag cobhsú le roinnt míonna anuas;
> - Rinne an Grúpa iarratas ar an Údarás Náisiúnta Iompair le haghaidh méadú táillí ar fud a sheirbhísí go léir agus deonaíodh é;
> - Athbhreithníodh plean cúig bliana agus réamhaisnéis airgid an Ghrúpa chun tionscnaimh bhainistíochta le costais a laghdú agus sreafaí airgid a bhainistiú a chur san áireamh. Áiríodh leis sin athbhreithnithe chun athruithe ar phatrún na sreafaí airgid a chur san áireamh tar éis idirbheartaíochta leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le maoiniú deontais chaipitil. Anuas air sin, sainaithníodh roinnt bearta maolaithe freisin a chuirfear chun feidhme mura mbaintear na sreafaí airgid atá beartaithe ag an bplean 5 bliana amach;
> - Rinneadh an-dul chun cinn ar an idirbheartaíocht le bainc an Ghrúpa maidir leis na háiseanna atá ar fáil don Ghrúpa a athmhaoiniú agus a mhéadú agus táthar ag coinne le toradh rathúil ar ball;
> - Rinneadh áiseanna reatha €57 milliún a athnuachan go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2013 agus rinneadh €20 milliún a athnuachan go dtí an 31 Bealtaine 2013 chun cur ar chumas an ghrúpa gníomhaíochtaí a mhaoiniú ar feitheamh an athmhaoiniú a tharraingt suas.
>
> Mar sin féin, tá neamhchinnteachtaí ann go fóill, agus tá siad mionsonraithe thíos:
>
> 1. Bhí áiseanna reatha iasachtaíochta bainc an Ghrúpa (ar fiú €107 iad) le dul in éag ar dhátaí éagsúla idir mí Eanáir agus mí Dheireadh Fómhair 2013. D'fhormheas an Bord Litir Áise le déanaí ó cheann dá bhainc le haghaidh áiseanna tiomanta reatha a shíneadh go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2013, ar feitheamh athmhaoiniú iomlán iasachtaíocht an Ghrúpa a tharraingt suas. Tá an dara háis á síneadh ar bhonn míosúil freisin ar feitheamh tharraingt suas na n-áiseanna iomlána

## 1. Gnóthas Leantach (ar lean)

iasachtaíochta. Mar chuid de phlean cúig bliana CIÉ, shainaithin an Grúpa go bhfuil gá le háiseanna iomlána a mhéadú €53m chun na háiseanna reatha iasachtaíochta a mhéadú ó €107 milliún go €160 milliún. Tá plé ar bun faoi láthair ag lucht bainistíochta an Ghrúpa lena maoinitheoirí i leith an athmhaoinithe seo. Chuir an Príomhshocraitheoir dréachtbhileog téarmaí ar fáil ina leagtar amach téarmaí táscacha inghlactha don áis iomlán €160m. Is táscach amháin atá an bhileog téarmaí seo agus ní hionann í agus tairiscint leis an áis a shocrú ná a mhaoiniú. Beidh soláthar na háise faoi réir fhormheas an choiste creidmheasa agus doiciméadúchán sásúil. Tá an lucht bainistíochta muiníneach gur féidir an idirbheartaíocht leis na bainc a thabhairt chun críche faoi mhí an Mheithimh 2013. Tá tráthúlacht tharraingt suas athmhaoiniú na n-áiseanna iasachtaíochta atá ann cheana ríthábhachtach maidir le measúnú foriomlán an lucht bainistíochta ar ghnóthas leantach.

2. Baineann ríthábhacht le baint amach an choigiltis, agus coigilteas párolla go háirithe, atá leagtha amach i bplean gnó 5 bliana an Ghrúpa. Tá toimhdí a úsáideadh chun an plean gnó a ullmhú suibiachtúil de réir a chineáil agus tá sé tábhachtach go ndéantar faireachán géar ar fheidhmíocht in aghaidh an phlean le gur féidir bearta maolaithe, a shainaithin an lucht bainistíochta cheana, a chur i bhfeidhm más gá. Rinne an lucht bainistíochta tástáil struis ar na meastacháin sreafa airgid agus tá faireachán a dhéanamh ar airgead ar bhonn laethúil agus seachtainiúil.

3. Tá an meath ar gheilleagar na hÉireann le blianta beaga anuas tar éis dul i gcion go holc ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa agus tá dúshláin á gcur os a choinne i rith an ama. Tá laghdú tagtha ar thurais paisinéirí agus tá laghdú tagtha ar an maoiniú Stáit do CIÉ de bharr laghdú ar Chaiteachas Poiblí an Rialtais trí chéile.

Cuirtear in iúl i réamh-mheastacháin reatha an lucht bainistíochta go dtabhóidh an Grúpa tuilleadh easnaimh airgid in 2013 agus in 2014, agus go mbainfidh sé brabús amach arís in 2015 agus ina dhiaidh sin le linn don Ghrúpa a phleananna athstruchtúraithe a chur chun feidhme.

Tar éis athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar phlean gnó an Ghrúpa, ar na buntoimhdí don tréimhse idir 2013 agus 2017 agus ar a bhuiséad don bhliain 2013, agus tar éis breithniú a dhéanamh ar na gníomhartha a rinne an lucht bainistíochta le roinnt míonna anuas, tá ionchas réasúnta ag na Comhaltaí Boird go gcinnteoidh gníomhartha a bheartaítear, mar aon le hathmhaoiniú an Ghrúpa, leis an tacaíocht leantach a thugann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, leis an ioncam breise ó mhéaduithe ar tháillí agus le cur i bhfeidhm rathúil na mbeart laghdaithe costais, go mbeidh dóthain acmhainní ag an gcuideachta chun leanúint ar aghaidh lena chuid oibríochtaí go ceann i bhfad.

Cé nach féidir a bheith cinnte go gcuirfear plé maoinithe leis na bainc i gcrích go rathúil, tá bainc an Ghrúpa tacúil go fóill, rud atá léirithe ag an síneadh ar na háiseanna atá ann cheana agus ag an bplé cuiditheach leanúnach atá ar siúl, lena n-áirítear soláthar na dréachtbhileoige téarmaí agus ullmhú an mheabhráin faisnéise don athmhaoiniú. Rinneadh tacaíocht leanúnach na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a fhianú sa litir thacaíochta dar dáta an 10 Aibreán 2013 freisin.

Sonraítear sa litir go bhfuil an Rialtas "ag leanúint uirthi faireachán a dhéanamh ar staid airgeadais CIÉ agus tá sí i dteagmháil leis an gcuideachta maidir leis na bearta atá riachtanach chun inbhuanaitheacht airgeadais CIÉ a chosaint." Cé go sonraítear sa litir nach féidir aon rud atá sa litir a fhorléiriú mar ráthaíocht maidir le hoibleagáidí ná le dliteanais CIÉ, sonraítear inti freisin "go bhfuil sé mar bheartas an Rialtais go fóill go bhfuil gnó CIÉ in ann a chuid dliteanas a chomhlíonadh i gcónaí. Is scairshealbhóir aonair CIÉ é an Stát, agus féadann CIÉ a dhearbhú go leanfaidh an Stát ar aghaidh ag feidhmiú a cheart scairshealbhóra agus é mar chuspóir aige go ndéanfaidh CIÉ bainistiú ar a oibríochtaí ar bhealach a chuirfidh ar a chumas a chuid oibleagáidí uile a bhaint amach go tráthúil. Bheadh ar ghníomh ar bith de chuid an Stáit teacht le dlí an AE, áfach, lena n-áirítear rialacha Státchabhrach a d'fhéadfadh fógra agus formheas an Choimisiúin a iarraidh."

Tar éis fiosrúcháin chuí a dhéanamh agus ag cur na neamhchinnteachtaí a shonraítear thuas san áireamh, tá na Comhaltaí Boird measartha dóchasach go gcuirfear áiseanna athnuaite agus leathnaithe ar fáil don Ghrúpa agus go dtabharfaidh an Rialtas tacaíocht do na bearta chun cobhsaíocht airgeadais a chinntiú. Ar na fáthanna sin, tháinig Comhaltaí an Bhoird ar an gconclúid nach seasann na rioscaí a gcuirtear síos orthu thuas do neamhchinnteacht ábhartha a chuireann amhras faoi chumas an Ghrúpa leanúint mar ghnóthas leantach, agus ar an mbonn sin, bainfidh siad leas as bonn an ghnóthais leantaigh i rith an ama le haghaidh ullmhú na ráiteas airgeadais."

## 2. Párolla agus Costais Ghaolmhara

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais Foirne | | |
| Pánna agus tuarastail | 112,135 | 111,956 |
| Costais leasa shóisialaigh | 10,052 | 9,874 |
| Costais phinsin eile | 9,501 | 8,826 |
| | **131,688** | **130,656** |
| Obair innealtóireachta do chuideachtaí an ghrúpa | (49) | (58) |
| **Glanchostais foirne** | **131,639** | **130,598** |
| **Luach saothair na stiúrthóirí** | | |
| - as seirbhísí mar stiúrthóirí | 95 | 66 |
| - as seirbhísí eile | 59 | 58 |
| **Luach saothair agus sochar oifige na stiúrthóirí san iomlán** | 154 | 124 |
| **Párolla agus costais ghaolmhara** | **131,793** | **130,722** |

Íocadh táillí stiúrthóirí le stiúrthóirí na cuideachta as seirbhísí mar stiúrthóirí mar seo a leanas:

An tUasal P. Mallee €21,600; an tUasal J. Griffin €4,771; an tUasal H. Minogue €12,600; an tUasal K. Fay €12,600; an tUasal S. Donohoe €12,600;
an tUasal T. Hussey €12,600; an tUasal M. Ó Faoláin €12,600 agus an tUasal G. Ryan €5,324;

Ní bhfuair an tUasal B. Camley ná an tUasal J. Moloney aon táillí stiúrthóirí as seirbhísí mar stiúrthóirí.

Tá €201,788 san áireamh i gcostais phánna agus tuarastail do thuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh, an tUasal M. Nolan, as seirbhísí feidhmeannaigh, lena n-áirítear riaráiste €11,884 a íocadh le linn na bliana maidir leis an mbliain roimhe 2011.

| B'ionann an méid seo a leanas agus an meánlíon fostaithe le linn na bliana | Líon Ball Foirne | |
|---|---|---|
| | 2012 | 2011 |
| Lánaimseartha | 2,077 | 2,103 |
| Tiománaithe bus scoile páirtaimseartha | 474 | 502 |
| **Iomlán** | **2,551** | **2,605** |

## 3A. Ábhair agus Seirbhísí

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Breosla agus Bealaí | 35,903 | 32,293 |
| Conraitheoirí eile | 117,394 | 117,249 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | 569 | 534 |
| Léas oibriúcháin ar chíos feithiclí | 512 | 546 |
| Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra (nóta 9) | - | 5,000 |
| Rátaí | 919 | 851 |
| Speansais íoctha le stiúrthóirí | - | 1 |
| Ábhair agus seirbhísí eile | 36,347 | 34,357 |
| | **191,644** | **190,831** |
| Áirítear liúntas cothaithe/cóiríocht le speansais a cúitíodh le stiúrthóirí | – | 1 |
| Eile | – | – |
| | – | 1 |

## 3B. Míreanna Eisceachtúla

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Athstruchtúrú creidmheasa | – | 2,300 |
| Aistriú soláthair do dhliteanais agus do mhuirir | 2,400 | – |

Tháinig creidmheas €2.4m leis an gcuntas brabúis agus caillteanais as aistriú soláthair do dhliteanais agus do mhuirir.

Mar chuid de Chlár Aisghabhála Costais 2009 rinne an chuideachta soláthar do chostais téarfa agus luathscoir dheonaigh. Níl aon ghá a thuilleadh le gné den soláthar reatha.

## 4. Dímheas agus amúchadh deontas

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Dímheas sócmhainní seasta inláimhsithe (nóta 5) | 22,712 | 20,946 |
| Amúchadh deontais (nóta 10) | (14,074) | (13,083) |
| | 8,638 | 7,863 |

## 5. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

| | Feithiclí Paisinéirí Bóthair | Gléasra agus Innealra | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2012 | **285,304** | **21,701** | **307,005** |
| Breiseanna | – | 2,419 | 2,419 |
| Diúscairtí | (4,757) | (13) | (4,770) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2012** | **280,547** | **24,107** | **304,654** |
| **Dímheas** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2012 | **171,937** | **13,277** | **185,214** |
| Táille don bhliain | 20,372 | 2,340 | 22,712 |
| Diúscairtí | (4,689) | (13) | (4,702) |
| Amhail an 31 Nollaig 2012 | **187,620** | **15,604** | **203,224** |
| **Glanmhéideanna leabhair** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2012** | **92,927** | **8,503** | **101,430** |
| Amhail an 31 Nollaig 2011 | **113,367** | **8,424** | **121,791** |

(a) Is iad seo a leanas na saolréanna fónta measta do na cineálacha éagsúla sócmhainne chun críocha dímheasa:

| | Saolréanna (Blianta) |
|---|---|
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 8-14 |
| Gléasra agus innealra | 5-10 |

(b) Dímheasadh feithiclí paisinéirí bóthair ar chostas €38,444,403 (2011: €35,111,791) go hiomlán, ach bhí siad fós in úsáid ag dáta an chláir chomhardaithe.

(c) Áirítear €915,366 (2011: €30,311,794) le sócmhainní seasta inláimhsithe amhail an 31 Nollaig 2012 i leith sócmhainní seasta inláimhsithe nach bhfuil i seirbhís go fóill.

## 6. Stoic

| | **2012** | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Ábhair chothabhála agus páirteanna spártha | 2,754 | 3,649 |
| Breosla, bealaí agus stoic éagsúla | 1,254 | 1,079 |
| | **4,008** | **4,728** |

Áirítear páirteanna agus comhchodanna leis na suimeanna seo a choimeádtar go riachtanach le freastal ar riachtanais fhadtéarmacha oibriúcháin.
Níl difríocht ábhartha idir luach athchurtha na stoc agus a luach de réir na leabhar.

## 7. Féichiúnaithe

| | **2012** | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Féichiúnaithe trádála | 3,097 | 2,776 |
| An Roinn Oideachais agus Scileanna | 8,522 | 9,407 |
| Suimeanna dlite ag an gcuideachta shealbhaíochta *(Nóta 13(b))* | 62,843 | 64,835 |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | 595 | 1,061 |
| | **75,057** | **78,079** |

## 8. Creidiúnaithe

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | |
| Creidiúnaithe trádála | 13,286 | 14,086 |
| Cáin ioncaim bainte faoi ÍMAT agus MSU | 1,768 | 1,649 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 1,061 | 1,001 |
| Cáin bhreisluacha agus cánacha eile | 121 | 197 |
| Creidiúnaithe eile | 1,182 | 1,204 |
| Fabhruithe | 24,669 | 22,182 |
| Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra *(nóta 9)* | 9,000 | 10,000 |
| Ioncam iarchurtha *(nóta 10)* | 12,682 | 14,152 |
| Soláthar athstruchtúraithe | 6,930 | 8,026 |
| | **70,699** | **72,497** |
| Creidiúnaithe do chánachas agus leas sóisialach san áireamh thuas | **2,950** | **2,847** |

## 9. Soláthairtí do Dhliteanais agus do Mhuirir

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Éilimh Dhliteanais Tríú Páirtí agus Fostóra** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 57,829 | 57,394 |
| Úsáidte le linn na bliana | (3,225) | (4,565) |
| Aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais (nóta 3b) | (2,400) | 5,000 |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig 2012** | **52,204** | **57,829** |
| **Cionroinnte:** | | |
| Dliteanais reatha (nóta 8) | 9,000 | 10,000 |
| Méideanna dlite i ndiaidh bliain amháin | 43,204 | 47,829 |
| | **52,204** | **57,829** |

## Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra

Déantar aon chaillteanais nach gclúdaítear le hárachas seachtrach a mhuirear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais agus tá méideanna nach bhfuil socraithe san áireamh i soláthairtí do dhliteanais agus do mhuirir.

**(A) Clúdach Seachtrach Árachais**

Tá an clúdach seachtrach seo a leanas ag Córas Iompair Éireann, thar ceann na cuideachta:

(i) Dliteanas tríú páirtí os cionn €2,000,000 do bhusanna scoile agus €2,000,000 d'iompar bóthair eile ar aon tarlú amháin nó do shraith tarluithe mar thoradh ar aon eachtra iompar bóthair amháin, ach amháin i gcás éileamh faoi réir dhlínse na Stát Aontaithe nuair a bhíonn an barrachas cothrom le US$3,300,000.

(ii) Dliteanas tríú páirtí don Ghrúpa os cionn €250,000 d'aon tarlú amháin nó do shraith tarluithe mar thoradh ar eachtraí Riosca Eile, ach amháin;

(a) Damáiste tuile nuair a bhíonn an barrachas cothrom le €2,000,000 agus

(b) aon éileamh faoi réir dhlínse Stáit Aontaithe Mheiriceá nuair a bhíonn an barrachas cothrom le US$150,000.

(iv) Dliteanais iompar bóthair os cionn coinneáil féin-árachais €11,000,000 i gcomhshuim sa tréimhse dhá mhí dhéag, Aibreán 2012 go Márta 2013, faoi réir scair fhoriomlán choinneála féin-árachais an Ghrúpa arb ionann í agus €27,000,000 i bhfigiúr comhiomlán na bliana ina mbeidh aon scair aonair choinneála féin-árachais sa tréimhse sin cothrom le €50,000 ina dhiaidh.

(v) Maidir le hÁrachas Comhcheangailte Dliteanais Grúpa, nach n-áiríonn dliteanas Sceimhlitheoireachta, is ionann slánaíocht fhoriomlán agus €200,000,000 don tréimhse dhá mhí dhéag idir Aibreán 2012 agus Márta 2013, le haghaidh Dliteanais iompar iarnróid agus bóthair, Tríú Páirtí agus Rioscaí Eile.

(v) Gach riosca, lena n-áirítear damáiste stoirme, lena ngabhann slánaíocht €200,000,000 i ndáil le maoin an Ghrúpa os cionn €1,000,000 ar aon chaillteanas amháin nó sraith caillteanas, leis an mbarrachas bliantúil gan dul thar €5,000,000 san iomlán ina mbeidh aon bharrachas aonair féin-árachais sa tréimhse bhliantúil sin cothrom le €100,000 ina dhiaidh.

(vi) Is é €200,000,000 an clúdach slánaíochta sceimhlitheoireachta don Ghrúpa lena ngabhann barrachas €500,000 i ndáil le rothstoc bóthair agus iarnróid agus €150,000 i ndáil le damáiste eile maoine, do gach ceann de na caillteanais.

**(B) Soláthairtí agus Gnóthuithe Gaolmhara um Éilimh Dhliteanas Tríú Páirtí agus Fostóra**

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh a thabhaítear ach nach mbíonn socraithe ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a thabhaítear ach nach mbíonn tuairiscithe (IBNR) don chuideachta go fóill.

Áirítear le costas measta na n-éileamh speansais a thabhófar le linn éilimh a shocrú. Glacann an chuideachta na céimeanna réasúnta uile le cinntiú go mbíonn an fhaisnéis oiriúnach acu i dtaobh a gcuid neamhchosaintí éilimh. Ar a shon sin, mar gheall ar an éiginnteacht a ghabhann le soláthairtí éilimh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a bunaíodh.

Agus costas measta na n-éileamh gan íoc á ríomh, úsáideann an chuideachta meascán teicnící measta, bunaithe go ginearálta ar anailís staitistiúil an eispéiris stairiúil; glactar leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha comhsheasmhach lenar tharla roimhe seo. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó éiginnteachtaí a d'fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d'fhéadfadh costas na n-éileamh neamhshocraithe a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin lena n-áirítear, mar shampla, athruithe ar phróisis na cuideachta a d'fhéadfadh luas nó moill a chur le forbairt agus/nó taifeadadh éileamh íoctha nó tabhaithe, athruithe ar an timpeallacht dhlíthiúil, éifeacht boilscithe, athruithe ar mheascán gnó agus tionchar na gcaillteanas mór.

Maidir le meastachán a dhéanamh ar chostas na n-éileamh a fógraíodh ach a bhíonn gan íoc, bíonn aird ag an gcuideachta ar imthosca éilimh arna dtuairisciú, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó

shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis maidir le costais éileamh a shocrú lena mbaineann tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin. Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir níos mó neamhchinnteachta ná an costas measta d'éilimh a shocrú a bhíonn curtha in iúl cheana don chuideachta, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi ócáid an éilimh.

Is gnách go léireoidh cineálacha éilimh a bhfuil críoch tuairiscithe níos faide ag baint leo, agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán sách ard dá bhrí sin, éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus na torthaí deiridh mar gheall ar níos mó deacrachta a bhaineann le meas na gcúlchistí sin.

Ríomhtar soláthairtí d'éilimh mar ollmhéid d'aon aisghabhálacha athárachais nuair is féidir na haisghabhálacha sin a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn aisghabhálacha athárachais i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil d'aisghabhálacha den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe ar nádúr agus ar mhéid chlár athárachais na cuideachta le himeacht ama a léiriú.

Déantar measúnú freisin ar in-aisghabhálacht athárachais ag féachaint d'fhógra ó bhróicéirí na cuideachta maidir le haon athárachóirí atá i mbun tréimhse díscoir.

## 10. Ioncam Iarchurtha

Tá deontais neamh-inaisíoctha AE agus Deontais an Státchiste a chuirfear chun sochair an chuntais brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna agus a dhéantar na sócmhainní seasta gaolmhara a dhímheas (beartas cuntasaíochta E).

| | **2012** | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| **Deontais Chaipitil** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 76,440 | 70,332 |
| Faighte agus infhaighte | 1,197 | 19,191 |
| Aistriú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais (nóta 4) | (14,074) | (13,083) |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh | 63,563 | **76,440** |
| Lúide aistriú chuig dliteanais reatha (nóta 8) | (12,682) | (14,152) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **50,881** | **62,288** |

## 11. Scairchaipiteal

| | **2012** | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| **Údaraithe** | | |
| Gnáthscaireanna €1.27 an ceann | **40,632** | 40,632 |
| **Leithroinnte, glaoite agus íoctha go hiomlán** | | |
| Gnáthscaireanna €1.27 an ceann | **29,204** | 29,204 |

## 12. Réiteach Gluaiseachtaí i gCistí Scairshealbhóirí

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| (Easnamh)/Barrachas don bhliain | (6,227) | 455 |
| Cistí scairshealbhóirí cothromais tosaigh | 23,000 | 22,545 |
| **Cistí scairshealbhóirí cothromais deiridh** | **16,773** | **23,000** |

## 13. Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **(a) Réiteach easnamh oibriúcháin chuig (eis-sreabhadh)/insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Easnamh oibriúcháin roimh íocaíocht PSO | (45,804) | (45,822) |
| Íocaíocht PSO | 36,883 | 43,403 |
| | **(8,921)** | **(2,419)** |
| Dímheas agus caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | 22,769 | 21,037 |
| Deontais chaipitil a amúchadh | (14,074) | (13,083) |
| Míreanna Eisceachtúla | 2,400 | 2,300 |
| Laghdú/(Méadú) ar stoic | 720 | (211) |
| Laghdú/(Méadú) ar fhéichiúnaithe | 1,030 | (6,997) |
| Méadú/(Laghdú) ar chreidiúnaithe | 1,767 | (1,909) |
| (Laghdú)/Méadú ar sholáthairtí do dhliteanais agus do mhuirir | (5,625) | 435 |
| (Laghdú) ar sholáthar athstruchtúraithe | (1,096) | (5,361) |
| **(Eis-sreabhadh) glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **(1,030)** | **(6,208)** |

## 13. Ráiteas ar Shreabhadh Airgid (ar lean)

| | 1 Eanáir 2012 | Sreafaí | 31 Nollaig 2012 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **(b) Anailís ar athrú ar ghlanchistí** | | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 1,016 | 46 | 1,062 |
| Suimeanna dlite ag an gcuideachta shealbhaíochta *(nóta 7)* | 64,835 | (1,992) | 62,843 |
| | 65,851 | (1,946) | 63,905 |

## 14. Oibleagáidí Léas Oibriúcháin

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ceangaltais faoi léasanna oibriúcháin iníoctha nach bhféadfaí a chur ar ceal mar seo a leanas: | | |
| Laistigh de bhliain amháin | 416 | 397 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | 493 | 830 |
| | 909 | 1,227 |

## 15. Pinsin

Tá fostaithe Bhus Éireann ina mbaill de scéimeanna pinsin Ghrúpa Chóras Iompair Éireann. Feidhmíonn Grúpa Chóras Iompair Éireann dhá scéim sochair sainithe a chlúdaíonn formhór na bhfostaithe, an dá cheann á maoiniú ag ranníocaíochtaí ón ngrúpa agus na baill.

Cinneann achtúire cáilithe neamhspleách na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhliantúla agus feidhm á baint as an modh aonaid réamh-mheasta. Ní féidir scaireanna duine aonair i sócmhainní agus dliteanais scéim pinsin Chóras Iompair Éireann a shainaithint, ar bhonn comhsheasmhach agus réasúnta fiú dá mbeifí in ann baill neamhghníomhacha a leithdháileadh thar fhochuideachtaí bunaithe ar an lá deireanach fostaíochta, d'fhéadfadh go raibh fostaithe ag obair do níos mó ná fochuideachta amháin. Dá bhrí sin, ní féidir a shainaithint cé leis an dliteanas (agus an tsócmhainn chomhfhreagrach) do na tréimhsí fostaíochta leanúnacha.

Aithníodh ranníocaíochtaí leis na scéimeanna seo, amhail is dá mba scéim ranníocaíochta a bhí ann mar a cheadaítear in FRS 17 'Sochar Scoir' ag cuideachtaí Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

Léirigh an luacháil achtúireach is déanaí ar na scéimeanna do sholáthar FRS 17 amhail an 31 Nollaig 2012 go raibh easnamh €491.85m sna scéimeanna.

Ba é €9.5m an costas pinsin don bhliain ar na scéimeanna le sochar sainithe; áirítear na costais seo i nóta 2.

## 16. Ceangaltais Chaipitil

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ar conradh le haghaidh | 3,134 | 2,300 |
| Arna mhaoiniú | 284 | 383 |

## 17. Dliteanais Theagmhasacha

Ó am go chéile, bíonn an chuideachta ina bpáirtí in imeachtaí éagsúla dlí a bhaineann le cúrsaí tráchtála atá á láimhseáil agus á gcosaint i ngnáthchúrsa gnó. Déantar athbhreithniú ar stádas imeachtaí ar feitheamh nó arna mbagairt le comhairle dlí ghrúpa CIÉ ar bhonn rialta. Is é tuairim na stiúrthóirí nach mbeidh caillteanais, más ann dóibh, a éiríonn as baint leis na nithe sin de bhreis go hábhartha ar sholáthairtí a rinneadh sna ráitis airgeadais.

## 18. Glanbharrachas/(Glaneasnamh) de réir Gníomhaíochta

| | | Seirbhísí Poiblí | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Iompar tráchtála agus scoile | Staid-charráiste | Cathair | Fo-iomlán | Iomlán |
| 2012 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Ioncam | 218,148 | 44,258 | 23,922 | 68,180 | 286,328 |
| Costais | (221,728) | (72,020) | (35,690) | (107,710) | (329,438) |
| Easnamh roimh íocaíocht PSO | **(3,580)** | **(27,762)** | **(11,768)** | **(39,530)** | **(43,110)** |
| Íocaíocht PSO | – | – | – | 36,883 | 36,883 |
| Toradh tar éis PSO | **(3,580)** | **–** | **–** | **(2,647)** | **(6,227)** |
| 2011 | | | | | |
| Toradh tar éis PSO | **(3,067)** | **–** | **–** | **3,522** | **455** |

Feidhmíonn an chuideachta gníomhaíochtaí tráchtála, iompar scoile agus seirbhíse poiblí. Is í an phríomhghníomhaíocht a fheidhmítear ar bhonn tráchtála an Luasbhealach.

Feidhmítear an Scéim Iompar Scoile faoi "chonradh", agus is cirte cur síos air mar shocrú riaracháin, leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is iad na príomhghníomhaíochtaí eile Seirbhísí Iompar Céime agus Cathrach a bhfaigheann an chuideachta íocaíochtaí PSO i leith na ngníomhaíochtaí seirbhíse poiblí seo.

Leithdháiltear costais do Luasbhealach, Seirbhísí Iompar Céime agus Cathrach ar bhonn méadrachta a dhíorthaítear ó shonraí na tréimhse roimhe, ó staidéir neamhspleácha ar oibríochtaí Bhus Éireann, an líon busanna agus míleáiste. Ba é €39.5m costas na n-oibríochtaí PSO agus fuarthas cúiteamh €36.9m. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar an gcaillteanas i gcomhthéacs an PSO laghdaithe i gcomparáid leis an mbliain roimhe agus an chostais níos airde ar bhreosla.

## 19. Páirtithe Gaolmhara

Is páirtithe gaolmhara den chuideachta iad aonáin faoi smacht Rialtas na hÉireann de bhua smacht Rialtas na hÉireann ar an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann.

I ngnáthchúrsa gnó, ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann; áirítear leis na príomhaonáin acu sin BSL agus an Post. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil candam de na ceannacháin seo bainteach le gnó na cuideachta. Tugann ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann an fhaisnéis atá ag teastáil faoi Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais Uimh. 8 (nochtadh na bpáirtithe gaolmhara) a bhaineann le hidirbhearta idir an chuideachta, a bhfochuideachtaí agus Rialtas na hÉireann.

## 20. Íocaíocht na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí

Ba é €36.9m an PSO a bhí iníoctha leis an gcuideachta tríd an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012. (2011: €43.4m).

## 21. Ballraíocht i nGrúpa Chóras Iompair Éireann

Is fochuideachta atá i mBus Éireann - Irish Bus de chuid Chóras Iompair Éireann (an Grúpa) agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí ballraíochta sa ghrúpa.

## 22. Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhormheas na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 19 Aibreán 2013.

Bus Éireann